WESTMEATH
LOCAL AUTHORITIES
ÚDARÁIS ÁITIÚLA NA h-IARMHÍ

2009
tuarascáil bhliantúil

CLÁR

	Page
Réamhrá ón gCathaoirleach agus ó Bhainisteoir an Chontae	5
Comhaltas Chomhairle Contae na hlarmhí	6
Cruinnithe na Comhairle	8
Acmhainní Corparáideacha agus Daonna	9
Pobal agus Fiontraíocht, Áineas agus Turasóireacht	12
Gnóthaí Tithíochta, Sóisialta agus Cultúrtha	15
Iompar agus Bonneagar	19
Comhshaol	22
Forbairt agus Pleanáil Eacnamaíoch	26
Airgeadas	28
Comhairle Baile an Mhuilinn gCearr	31
Comhairle Baile Bhaile Átha Luain	32
Aguisín 1 Comhaltas na Comhairle ar Choistí agus ar Chomhlachtaí eile	34
Aguisín 2 Comhdhálacha a nDearnadh Freastal Orthu	35
Aguisín 3 Táscairí Seirbhíse	36

RÉAMHRÁ ÓN GCATHAOIRLEACH AGUS Ó BHAINISTEOIR AN CHONTAE

Daniel McLoughlin
Bainisteoir Contae

Fintan Cooney
Cathaoirleach

Leagann tuarascáil bhliantúil 2009 amach i bhfoirm achoimrithe, an t-aschur ó bhliain eachtrúil. Ó thaobh eagair de, ba mhór i gceist an ghéarchéim eacnamaíochta i mbliana, rud a d'fhág gá le hathruithe suntasacha ó thaobh eagraíochta agus ó thaobh airgeadais de. D'fhág ísliú ar mhaoiniú ón gciste láir in éineacht le titim sna foinsí ioncaim ar fad, gá le díriú isteach gan staonadh ar chostais na Comhairle a laghdú i rith na bliana. Déanadh é seo a bhaint amach go príomha thrí laghdú de 11% i gcostais phárolla, rud a d'fhág titim de 53 san iomlán ar líon na foirne. Is sa chomhthéacs sin ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl do na comhaltaí tofa agus an fhoireann araon as an mbealach dúthrachtach ar dhéileáil siad leis na cúinsí crua seo. Is de bharr a gcuid cúnaimh agus a gcomhoibriú leanúnach a bhí barrachas oibriúcháin measartha ag an gComhairle ina cuid cuntas bliantúil ag deireadh na bliana, rud atá suntasach i gcomhthéacs na n-athruithe airgeadais a raibh gá leo.

Tharla dhá imeacht shuntasacha i rith na bliana, is iad sin oscailt ár gcuid oifigí nua, agus na toghcháin áitiúla. Is ionann oscailt ár gceanncheathrún nua atá 75,000 troigh cearnach, agus a tógadh ar chostas €40m agus garsprioc shuntasach i bhforbairt éabhlóideach rialtais áitiúil sa gcontae seo. Ní léiriú ailtireachta amháin atá san fhoirgneamh, ach léiriú ar mheon na Comhairle i dtaobh seirbhísí a chur ar fáil do chustaiméirí, rud atá i ndiaidh dul i gcionn go mór ar an ngnáthphobal. Leag forbairt na ceanncheathrún nua cathartha seo, a tháinig in ionad 8 gcinn d'fhoirgnimh éagsúla, bunchloch ag am tráthúil chun eacnamaíocht agus eagraíocht a bheadh éifeachtúil a bhaint amach. Ba í an mhór-imeacht eile maidir lenár ngnó in 2009 ná na toghcháin áitiúla. Mar a tharlaíonn i gcónaí, bíonn buaiteoirí agus caillteoirí againn i ndiaidh toghcháin, agus ag an bpointe seo ba mhaith linn gach rath a ghuí ar ár n-iarchomhghleacaithe John Dolan, Kieran Molloy, Michael Newman, Jim Bourke, Pat McLaughlin, agus Eugene Dolan, ina saol de pholaitíocht rialtais áitiúil.

Ag deireadh na bliana, chonaic muid cuid de na coinníollacha aimsire is measa sa tír seo le blianta fada. Chruthaigh na tuillte móra a tharla i mBaile Átha Luain idir an 24ú lá de Shamhain agus an 18ú la de Nollaig dúshlán mór don Údarás seo agus do na seirbhísí éigeandála. Cuireann sé mórtas orainn a rá go ndeachthas i ngleic leis an dúshlán seo, agus arís ní mór dúinn an fhoireann a mholadh mar d'oibrigh siad 2350 uair a chloig ar fad ag déileáil leis na fadhbanna a d'eascair ón méid a tharla. Mar fhocal scoir bheadh súil againn go ndéanfadh an pobal an tuarascáil bhliantúil seo a léamh, agus machnamh a dhéanamh ar an luach a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraíonn a n-údarás áitiúil. Arís ar ais agus in ainneoin bacanna ó thaobh acmhainní, tá Comhairle Chontae na hlarmhí fós diongbháilte athbhreithniú a dhéanamh go leanúnach, agus nuair is féidir, feabhas a chur ar an leibhéal feidhmiúcháin agus seirbhísí.

Daniel McLoughlin
Bainisteoir Contae

Fintan Cooney
Cathaoirleach

COMHALTAS NA COMHAIRLE

Baile Átha Luain Baill Toghcheantai

An Comh. Gabrielle McFadden
Newtownflood, Baile Átha Luain
087 2636728
Gabrielle.McFadden
@westmeathcoco.ie

An Comh. Joe Whelan
Kilnahinch, Moate
09064 81829
086 1054314
jwhelan@westmeathcoco.ie

An Comh. Frankie Keena
The Lady's Walk
Moydrum, Baile Átha Luain
090 6478473
085 7474074
fkeena@westmeathcoco.ie
www.frankiekeena.ie

An Comh. Tom Allen
Lake Road, Moate
09064 81368
087-2510758
tallen@westmeathcoco.ie

An Comh. Kevin Moran
Garnafailagh, Moate
09064-73000
086-2597744
kmoran@westmeathcoco.ie

An Comh. Mark Cooney
Glasson, Baile Átha Luain
09064 77718 (Work)
09064 85420 (Home)
markcooney@westmeathcoco.ie

An Chúil Baill Toghcheantair

An Comh. John Shaw
Riverdale, Raharney
087 7602355
john.shaw@westmeathcoco.ie

An Comh. Paddy Hill
Clonsura, Castletown-Finea,
Mullingar
043 81174
087 6806572
phill@westmeathcoco.ie

An Comh. Frank McDermott
Ben Breeze House,
Fore, Castlepollard
044-9666338
086 6023868
fmcdermott@westmeathcoco.ie

An Comh. Dan McCarthy
Galmoylestown, Mullingar
(044) 93 72131
087 2111442
dmccarthy@westmeathcoco.ie

Cill Bheagáin Baill Toghcheantair

An Comh. Gerry Corcoran
Tonaphort, Kilbeggan
086 4022538
gerard.corcoran@westmeathcoco.ie

An Comh. Colm Arthur
Rahanine, Rochfortbridge,
Mullingar
087 2261835
colm.arthur@westmeathcoco.ie

An Comh. Joseph Flanagan
Moyvoughley, Moate
(09064) 81235
087-2531281
jflanagan@westmeathcoco.ie

An Comh. Paul Daly
Cornaher, Kilbeggan
086 8314388
044 92 23696
paul.daly@westmeathcoco.ie

An Muileann gCearr Thoir Baill Toghcheantair

An Comh. Aidan Davitt
Dominick Street, An Muileann gCearr
087 8235945
aidan.davitt@westmeathcoco.ie

An Comh. Denis Leonard
Trim Road, Kinnegad
087 6430783
denis.leonard@westmeathcoco.ie

An Comh. Peter Burke
Clonmore, An Muileann gCearr
087 7941888
peter.burke@westmeathcoco.ie

An Comh. Michael Dollard
15 Beechgrove, Bellview,
An Muileann gCearrr
087-6802976
044-9340191(W)
044-9343966 (Fax)
mdollard@westmeathcoco.ie

An Muileann gCearr Thiar Baill Toghcheantair

An Comh. Robert Troy
Ballynacargy, An Muileann gCearr
044 9373101
087 7979890
rtroy@westmeathcoco.ie

An Comh. Ken Glynn
34A Austin Friars Street
An Muileann gCearr
044 9347151
087 2362680
kglynn@westmeathcoco.ie

An Comh. Fintan Cooney
Lynn
An Muileann gCearr
044 9348522 (H)
044 9348776 (W)
086 2534595
fcooney@westmeathcoco.ie

An Comh. Johnny Penrose
Ballintue, Ballynacargy
(044) 9373398
087 9501495
jpenrose@westmeathcoco.ie

An Comh. Detty Cornally
4 Woodlands Ave.,
An Muileann gCearr
044 9342483
087 2244834
dcornally@westmeathcoco.ie

Ag an gCruinniú Bliantúil i mí an Mheithimh toghadh an Comhairleoir Fintan Cooney mar Chathaoirleach. Tionóladh 21 cruinniú Comhairle iomlán in 2009 lena n-áirítear an Cruinniú Bliantúil, Cruinniú Buiséid agus Cruinnithe an Choiste Airgeadais. Chas an Grúpa Polasaí Corparáideach ar a chéile 12 uair i rith 2009.

D'fhreastal ionadaithe na Comhairle ar 42 comhdháil in iomlán i rith 2009. B'ionann costas iomlán an dtáillí comhdhála agus €64,618.84 (Tá sonraí na gcomhdhálacha a ndearnadh freastal orthu le fáil in Aguisín 2).

Tá Comhaltas na Comhairle ar Choistí agus ar Chomhlachtaí eile mionsonraithe in Aguisín 1.

Coistí Polasaí Straitéisigh

Tá 4 Choiste Polasaí Straitéisigh (SPC) ag an gComhairle. Chas na SPC ar a chéile 8 n-uaire i rith 2009. I ndiaidh na dToghchán Áitiúil glacadh le scéim nua do bhunú agus comhaltas na gceithre Choiste Polasaí Straitéisigh (SPCanna). Bhí na SPCanna sin comhdhéanta de Chomhaltaí tofa ón gComhairle, comhalta tofa ón gComhairle Baile agus ionadaithe le leasanna earnálacha seachtracha. Cuidíonn na SPCanna sin an Chomhairle iomlán ó thaobh polasaí a fhorbairt, a cheapadh agus a athbhreithniú. (Tá comhaltas na SPCanna mionsonraithe in Aguisín 1)

Bhreithnigh na SPCanna na saincheisteanna polasaí seo a leanas i rith 2009:

SPC Gnóthaí Tithíochta, Sóisialta agus Cultúrtha

- Dréachtchlár Cóiríochta don Lucht Siúil
- Clár Sábháilteachta sa Bhaile
- Póilíneacht Phobail
- Saincheisteanna Leasa Tithíochta
- Bille Tithíochta Nua 2008
- Iompraíocht Fhrithshóisialta
- Comhchoistí Póilíneachta
- Meastóireacht ar Riachtanais Tithíochta 2008

SPC Comhshaoil

- Clár Píolóta na nAraidí Donna
- Fodhlíthe Chur i Láthair Drámhaíola
- An Creat-Treoir Uisce
- Tionscadal Cheantar Abhantraí an Oirthir
- Scéim Bailithe Ainmhithe Titithe
- Athbhreithniú ar Fhodhlíthe Chorr-Thrádála
- Ionad Cóireála Fuíolluisce ceadúnas Urscaoilte

3

- Mórthionscadail Bhóthair
- Mórthionscadail Sheirbhísí Uisce
- Scéim Feabhsaithe Séarachais an Mhuilinn Chearr
- Príomhdhraenáil Bhaile Átha Luain
- Scéim Soláthair Uisce na hlarmhí Theas
- Athbhreithniú ar Nós Imeachta Fála na Seirbhíse Uisce
- Plean Monatóireachta Uisce
- Fáil ar Sheirbhísí Leathanbhanda
- Cóireáil Fuíolluisce Bhaile na hAbhann
- Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre

SPC Forbairt agus Pleanáil Eacnamaíoch

- Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha
- Comharthaí Méar Eolais

Deontais Ardoideachais

Déanann Údaráis Áitiúla na hlarmhí riaradh ar an Scéim Deontais Ardoideachais thar ceann na Roinne Oideachais agus Eolaíoctha. Fuarthas 383 iarratas ar dheontas in iomlán, ceadaíodh 293 deontas nua agus fuair 371 iarratasóir deontais a bhí ann cheana €3m in iomlán i ndeontais agus i maoiniú cothabhála in 2009.

Caidreamh Meán agus Preasa

Lean Comhairle Contae na hlarmhaí ar aghaidh lena láithreán gréasáin a fhorbairt chun cabhrú le heolas a sholáthar don phobal agus do chustaiméirí. Tugadh 48 preaséisiúint san iomlán do na meáin faoin réimse cuimsitheach tionscnamh agus gníomhaíochtaí a dtugann an Chomhairle fúthu gach lá.

Athrú Suntasach a Láimhseáil/ Éifeachtachtaí a Fhorbairt

Chomhaontaigh an Chomhairle, faoi choimirce i dTreo 2016 agus Athrú Suntasach a Láimhseáil, i gcomhchomhairle le hionadaithe foirne, le hathrú suntasach agus feabhsuithe i gcleachtais oibre sna réimsí seo a leanas:

- Ragobair agus Liúntais
- Am agus Láithreacht
- Córas Párolla Nua
- Seirbhísí Prionta Bainistithe
- Laghduithe i gcaiteachais taistil agus chothabhála
- Fógraíocht
- Leibhéil foirne
- Soláthar soláthairtí oifige
- Aistriú chuig Oifigí nua an Chontae, An Muileann gCearr agus athsholáthar 8 aonad cóiríochta oifige ar leithligh.
- Atheagrú Phróiseas Gnólachta ar rannóga éagsúla

ACMHAINNÍ CORPARÁIDEACHA AGUS DAONNA

Seirbhísí do Chustaiméirí

Mar chuid dár dtiomantas an tseirbhís is fearr a sheachadadh dár gcustaiméirí chuireamar na tionscnaimh seo a leanas i bhfeidhm i rith 2009:

Córas Bainistíochta Teagmhála Custaiméirí lenár bhfeidhmíocht maidir le seirbhísí a thabhairt do chustaiméirí a mheas, monatóireacht a dhéanamh orthu agus tuairisc a sholáthar orthu.

Leathnaíodh amach córas teileafóin nua i rith 2009 chun amanna freagartha feabhsaithe a chinntiú agus chun leibhéil sheirbhíse custaiméirí a mheas.

Toghcháin Áitiúla 2009 agus Roinn Saincheadaithe

De réir an Achta Rialtais Áitiúil 2001 tionóladh toghchán áitiúil an 5 Meitheamh 2009 chun 23 ball a thoghadh chun ionadaíocht a dhéanamh ar chúig thoghlimistéar an Chontae.

Sheas 47 iarrthóir sa toghchán do Chomhairle Contae na hlarmhí agus bhí 58.67% i láthair. Bhí an comhaireamh ar siúl Dé Sathairn 6 Meitheamh i Halla Naomh Muire, An Muileann gCearr.

Toghlimistéar Áitiúil	Vótaíocht Iomlán	% i Láthair
Baile Átha Luain	10667	55.2%
An Chúil	6679	61.7%
Cill Bheagáin	7311	65.2%
An Muileann gCearr Thoir	6602	58.9%
An Muileann gCearr Thiar	7536	55.5%
IOMLÁN	**38795**	**58.67%**

I ndiaidh na dToghchán Áitiúil, toghadh An Comh. Fintan Cooney mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae na hlarmhí agus An Comh. Dan McCarthy mar Leas-Chathaoirleach.

Coinníonn an Chomhairle Clár Toghthóirí cothrom le dáta a foilsítear i mí Feabhra gach bliain.

Arás Nua an Chontae

Ghlac Comhairle Contae na hlarmhí seilbh ar Arás an Chontae críochnaithe in 2009. Is foirgneamh oifige cathartha atá íseal ó thaobh fuinnimh de an foirgneamh atá suite laistigh de láithreán seandálaíochta tábhachtach in aice leis an Áras atá ann cheana. D'oscail An Cathaoirleach, an Comhairleoir Joe Whelan go hoifigiúil é an 12 Meitheamh 2009.

Tá an foirgneamh comhdhéanta de 74,900 troigh cearnach d'oifigí nua agus athchóiriú Sheánáras an Chontae ag costas €40m. Tá cóiríocht á dhéanamh ar 200 ball foirne sa bhfoirgneamh nua. Ba iad Bennett's Construction Ltd na conraitheoirí tionscadail agus ba é Bucholz McEvoy an t-ailtire.

Cuireann an tÁras nua straitéis chomhshaoil bhainistíochta inbhuanaithe, nua-aimseartha i láthair a thabhóidh coigiltis airgeadais agus compord feabhsaithe do mhuintir an phobail, do chomhairleoirí agus do bhaill foirne. Corpraíonn sé coincheapa dearaidh éighníomhacha, atá íseal ó thaobh fuinnimh de, ag brath ar straitéis aeraithe nádúrtha agus baintear an méid agus is féidir as solas nádúrtha. Cinntíonn Córas Bainistíochta Foirgnimh (BMS) go mbaintear an méid agus is féidir as na heilimintí teasa agus solais. Laghdóidh na nuálachtaí lorg carbóin na Comhairle go mór agus déanfar coigiltis airgeadais shuntasacha.

Baineadh úsáid as ábhair inbhuanaithe a mhéid agus ab fhéidir nuair a bhí na hoifigí á dtógáil.

Is iad na príomhghnéithe ailtireachta na hAitriaim, an Aghaidh Dhúbailte agus an Leabharlann.

Tá Leabharlann nua Bhrainse an Mhuilinn Chearr atá 847m2 suite ar an 1ú urlár agus tá rampa isteach chuici ó Mount St. agus tá ardaitheoir/staighre ó hurlár na talún chomh maith. Tá stoc iomlán de 30,000 ítimí atá comhdhéanta de:

- leabhair chun freastal ar gach aois
- raon ábhar ilmheáin dlúthdhioscaí ceoil, dvdanna, closleabhair
- cúrsaí teanga
- Tá seomra le 16 ríomhaire poiblí nua-aimseartha ag soláthar rochtain ar an idirlíon agus ar ríomhphost.
- Éascaíonn an Roinn Staidéir Áitiúil rochtain chuig raon leathan ábhar tagartha ar stair agus ar oidhreacht an chontae.

Mar aitheantas ar thábhacht stairiúil an láithreáin, tá athchóiriú déanta ar Áras bunaidh an Chontae (a tógadh circa 1910-1913) agus ar Theach an Ghobharnóra a tógadh mar chuid den Phríosún (circa 1825). Tá nochtadh déanta ar Sheanbhallaí an Phríosúin agus balla Phríosún na mBan agus tá siad anois mar chuid de pháirc tírdhreachaithe nua.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Seirbhísí Cumarsáide

Bhí an t-aistriú chuig Áras nua an Chontae sa Mhuileann gCearr mar chuid shuntasach de ghníomhaíochtaí na bliana i dtéarmaí seirbhísí ICT a sholáthar. Athlonnaíodh ocht n-oifig ar leith ó láithreacha éagsúla thart ar an Mhuileann gCearr chuig na hoifigí nua gan cur isteach ar sheirbhís phoiblí ná ar sheirbhísí ICT na foirne soláthair seirbhíse nó an phobail. Áiríodh ar an aistriú sin soláthar raon seirbhísí ICT lena n-áirítear bonneagar líonra nua, córas teileafónaíochta IP nua, comhdhlúthú ar timpeallacht an fhreastalaí, seirbhís phriontála/cóipeála, stoc PC chomh maith le rialachán rochtana agus córais Ama agus Láithreachta. Cabhraíonn tabhairt isteach sheirbhís phriontála bhainistithe láraithe agus comhdhlúthú na timpeallachta freastalaí ag úsáid teicneolaíocht fíorúlaithe go mór chun na costais fuinnimh a laghdú.

Rinneadh uasghrádú suntasach ar bhonneagar líonra ar fud na tíre trí líonra gan sreang de ghrád iompróra a chur i gcríoch agus a choimisiúnú a nasc Áras an Chontae, an Mhuileann gCearr leis na hOifigí Cathartha i mBaile Átha Luain, Cill Bheagáin agus Baile na gCros atá anois in ann leas a bhaint as luas ceangail 100MB/soicind.

Ó mhí na Nollag ar aghaidh tá cáipéisíocht chruinnithe na Comhairle ar fáil do bhaill ar líne, rud a chuireann deireadh leis an ngá atá le méideanna móra páipéir a atáirgeadh agus a sheoladh.

Leathnaíodh agus rinneadh uasghrádú ar roinnt feidhmchlár ICT. Áiríodh orthu sin:

- Acmhainní Daonna/Párolla/Aoisliúntas nua. Cuireadh modúil chéim a haon lena n-áirítear Struchtúr Eagraíochtúil, Am agus Láithreacht, Saoire agus Párolla i bhfeidhm in 2009 leis na modúil a bhí fágtha beartaithe do 2010 agus níos faide anonn.
- Cuireadh feidhmiú Phacáiste Tithíochta Lánpháirtithe níos faide chun cinn.
- Cuireadh tuilleadh nuashonraithe i bhfeidhm do chórais faisnéise spásúla chuig an bhfeidhmchlár Inlíne Spásúil inmheánach agus chuig seirbhís an Fhoilsitheora Suímh araon ar láithreán gréasáin na Comhairle.
- Cuireadh tús leis an obair agus críochnaíodh í den chuid is mó ar tháirgeadh DVD don phlean Forbartha Contae agus do phleananna Limistéir Áitiúla.
- Cuireadh Córas Rannpháirtíochta Forbartha Pleanála i bhfeidhm.
- Cuireadh Córas Bainistíochta Comhshaoil a forbraíodh intí i bhfeidhm

Fiontraíocht

Tá Comhairle Contae na hIarmhí ag leanúint lena ról maidir le bunú agus leathnú fiontraíochtaí a éascú trí fiontraíocht na dtailte crioslaithe agus socruithe oibre comhoibritheacha leis na gníomhaireachtaí fiontair a sholáthar chun forbairt tionsclaíoch, cruthú fiontraíochta, fiontraíocht agus nuálacht laistigh den earnáil a chur chun cinn, a chur ar aghaidh agus a spreagadh.

Chuir dhá fhiontraíocht tús le hoibríochtaí in Ionad Fiontraíochta Bhaile na gCros agus tá an Chomhairle go gníomhach ag lorg tionóntaí don chúig aonad atá fágtha ag an Ionad. Chuir an chéad triúr tionóntaí in Ionad Fiontraíochta, Teicneolaíochta agus Nuálacha an Mhuilinn Chearr, atá críochnaithe, arna tacú ag Comhairle Contae na hIarmhí, tús le hoibríochtaí chomh maith.

Spórt, Fóillíocht agus Áineas

Leanann an Chomhairle le saoráidí spáis oscailte, áineasa agus taitneamhachta a fheabhsú sa chontae.

- Tá saoráid súgartha curtha i gcríoch ag an gComhairle i nGob Chuasáin, Baile Átha Luain tríd an Scéim Chlóis Shúgartha.
- D'éascaigh sí chomh maith forbairt na saoráidí súgartha faoi cheannas an Phobail ag Ráth Eoghain, Streete agus An Chúil.
- Lean an tOifigeach Forbartha um Pheil sa Phobal agus an bheirt Oifigeach Tacaíochta Club CLG, le tacaíocht ó Chomhairle Contae na hIarmhí lena gcuid oibre i rith 2009.
- D'oibrigh an Chomhairle go dlúth le gníomhaireachtaí eile chun "Sports Zone" a sheachadadh go rathúil mar chuid de "Discover Mullingar Day" i mí Mheán Fómhair 2009.
- Áiríodh ar chlár Linn Snámha an Mhuilinn Chearr ceachtanna breise snámha do Leanaí agus do Dhaoine Fásta.



Bord Forbartha Chontae (CDB) na hIarmhí

Bhuail an Bord le chéile ceithre huaire le linn 2009. Athbhunaíodh ballraíocht an Bhoird i ndiaidh na dToghchán Áitiúil in 2009. Rinne an Bord Forbartha Contae na saincheisteanna seo a leanas a mheas:

- An Tionscadal Doras Oscailte agus TEAM (Cóiríocht Éigeandála Shealadach an Mhuilinn Chearr)
- Bunú Fo-choiste Forbartha Eacnamaíochta
- Athbhreithniú an Phlean Gnímh 2009 - 2012
- Cur i láthair ón Oigifeach Forbartha Turasóireachta le Turasóireacht na hIarmhí Teo.
- Forbairt Fiontair
- Cur i láthair ó Chomhpháirtíocht Spóirt na hIarmhí
- Bunú an Choiste Seirbhísí Leanaí
- Cur i láthair ar Chomhairle na Óg, an Iarmhí
- Plean Oibre Fhóram Dhaoine Scothaosta

Rinne an Bord Forbartha Contae monatóireacht ar obair an Ghrúpa Oibre um Bhearta Uilechuimsitheachta Sóisialta (SIM), Fo-choiste Forbartha Eacnamaíochta an CDB agus Clár RAPID Bhaile Átha Luain.

Comhchoistí Póilíneachta

Rinne Acht an Gharda Síochána 2005 foráil do bhunú Comhchoistí Póilíneachta (JPCanna). Thionól Comhchoiste Póilíneachta Chontae na hIarmhí a chéad chrúinniú i mí Aibreán 2009. Is é cuspóir Chomhchoiste Póilíneachta Chontae na hIarmhí ná fóram a sholáthar inar féidir leis an gComhairle agus na hOifigigh sinsearacha an Gharda Síochána, le rannpháirtíocht baill an Oireachtais agus leasanna an phobail, dul i gcomhairle le chéile, plé agus moltaí a dhéanamh ar ghnéithe a mbeidh tionchar acu ar phóilíneacht an cheantair.

Dail na nOg Photo Gallery 2009

Comhairle na nÓg Chontae na hIarmhí agus Comhairle Óg an Chontae

Áiríodh ar an obair a rinne an Chomhairle in 2009:

- Obair an Chomhairle agus an obair a rinne na daoine óga trí phóstaeir a dhearadh, cainteanna ranga agus cuir i láthair a chur chun cinn.
- Saincheisteanna ar nós ithe sláintúil, aclaíocht agus spórt, agus meabhairshláinte a phlé.
- Ionadaithe óige a ainmniú chuig an bhFóram Pobail um Chúram Sláinte Príomhúil
- Freastal ar Dháil na nÓg 2009
- Bróisiúir ar Alcóil a tháirgeadh do dhaltaí an Teastais Shóisearaigh

Chas an Comhairle na nÓg na hIarmhí ar a chéile 2 uair i rith 2009.

Fóram Pobail agus Deonach an Chontae

Tháinig méadú ar líon na ngrúpaí a bhfuil ceangal acu le Fóram Pobail agus Deonach an Chontae go dtí 542. Toghadh ionadaithe chuig 19 coiste agus comhlacht i gCo. na hIarmhí. D'fhorbair an Fóram agus thug sé tacaíocht do na tionscadail seo a leanas:

- Aighneacht ar an bPáipéar Bán ar Choiriúlacht
- Ullmhaíodh Comhaighneacht le Comhairle Contae na hIarmhí ag moladh Chnoc Uisnigh mar láthair Oidhreachta Domhanda.
- Éascaíodh cúrsa céime i bhForbairt Phobail agus Staidéar Teaghlaigh chuig caighdeán na céime.

An Straitéis Náisiúnta Míchumais

Fuair Comhairle Contae na hIarmhí maoiniú de €201529 ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais (DOEHLG).

San áireamh sa chaiteachas sin atá an méid seo a leanas:

- Bealaí rochtana i.e. Trasrianta do choisithe,
- Áiteanna páirceála breise do dhaoine faoi mhíchumas.
- Teicneolaíochtaí Cabhracha do dhaoine faoi mhíchumas.
- Feasacht mhíchumais agus Oiliúint Phromhadh.
- Seirbhísí Braille a fheabhsú.

RAPID an Mhuilinn gCearr

Ainmníodh codanna de Mhuileann gCearr mar RAPID (Ceantair a Athbheochan trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt) i rith 2009. Is clár comhpháirtíochta é seo a dhíríonn ar dhul i ngleic le saincheisteanna díothachta agus bochtaineachta agus féachann sé chun comhoibriú a mhéadú idir na gníomhaireachtaí Stát go léir.

Turasóireacht

I mbliain a bhí dúshlánach do sholáthróirí turasóireachta, rinne Turasóireacht na hlarmhí Teo. margaíocht ghníomhach ar Chontae na hlarmhí mar cheann scríbe turasóireachta. Áiríodh ar dhul chun cinn in 2009:

- An Muileann gCearr a chur chun cinn mar Chroíbhaile Rothaíochta Chatagóir a hAon agus Rás Rothaíochta Critéir an Mhuilinn gCearr a athbheochan.
- I dteannta le Fáilte Ireland, An Cumann Lucht Trádála agus gníomhaireachtaí eile, bhí Comhairle Contae na hlarmhí mar phríomhghníomhaireacht maidir le 'Discover Mullingar Day' a eagrú i mí Mheán Fómhair 2009, agus ó thaobh socruithe chun scannánaíocht ar shraith teilifíse an BBC "Three Men in a Boat" i mí na Samhna a éascú.



- Turais réamh-thionóntacht comhordaithe d'fhoirne ostán chuig taitneamhachta cuairteoirí áitiúla.
- Eagraíodh oiliúint féile agus imeachtaí d'eagraíochtaí le Fáilte Ireland.
- Táirgeadh ar 3,000 Threoirleabhair na hlarmhí ina bhfuil sonraí ar chóiríocht, taitneamhachtaí, gníomhaíochtaí.
- Cuireadh an larmhí chun cinn ar **www. discoverireland.ie/westmeath**
- Eagraíodh grúpaí Táirgeoirí bia agus ceirdeanna do Thaispeántas Gairdíní agus Baile Lár na Tíre a bhí ar siúl ag Teach, Gairdíní agus Páirc Belvedere.
- Rinneadh ceannródaíocht ar imeacht bhia nua "Ready, Steady Cook... Westmeath Style" chun bialanna agus táirgeoirí bia sa chontae a chur chun cinn ar bhealach nuálach.

In 2009, b'ionann an t-ioncam chuig an ngeilleagar áitiúil ó 105,000 – 110,000 cuairteoir eachtrannach go dtí Co. na hlarmhí agus thart ar €36 milliún.

Teach & Gairdíní Belvedere

Leanann Teach agus Gairdíní Belvedere ag mealladh os cionn 160,000 cuairteoir in aghaidh na bliana. D'fhorbair sé clár oideachais i gcomhpháirtíocht le Westmeath Community Development do chúrsa Gairneoireachta FETAC leibhéal 5 le FÁS. In 2009 d'oscail Teach Belvedere láthair miondíola "Margadh an Ghairdín" atá mar chuid den chlár gairneoireachta taitneamhachta foriomlán agus áirítear air sin anois an Seó Féindhóthanachta Bliantúil, Grúpa Póraithe Beach Belvedere, Dialann an Ghairdín, ceachtanna Ciondarghairdín do leanaí.

Bhí féilire bliantúil d'imeachtaí i Belvedere le féilte ceoil agus Seónna Gairdín agus tugadh isteach 'Santaí Glas' ina raibh deis ag leanaí crann dúchasach a chur agus fuair siad croiteoir síolta bláthanna Fiáine chomh maith.

Leanann imeachtaí aclaíochta agus gníomhaíochta ag fás i Belvedere lenár rannpháirteacht le Harriers an Mhuilinn Chearr agus Cumann Trí-atlain Lár Tíre.

Seirbhísí Tithíochta

Tithíocht Shóisialta

Bhí athrú mór béime in 2009 ar an tslí a sholáthraíonn údaráis áitiúla do riachtanais titíochta a n-iarratasóirí. Bhí léasacht fadtéarmach tithíochta chun tosaigh ó thaobh soláthar tithíochta ag Comhairle Contae na hlarmhí agus Comhairle Baile Bhaile Átha Luain trí thabhairt isteach Tionscnamh Léasachta Fadtéarmach ag DoEHLG. Léasaigh an Chomhairle 43 aonad inacmhainne sa Mhuileann gCearr agus i gCionn Átha Gad nach raibh díolta. Beidh léasú mar phríomhghné de sholáthar tithíochta chomh fada agus is léir dúinn amach anseo.

Soláthraíonn Comhairle Contae na hlarmhí 48 aonad tithíochta díreach ag láithreacha éagsúla ar fud an chontae lena n-áirítear An Muileann gCearr, Dealbhna, Rathwire, an Móta agus Cill Bheagáin. Is ionann stoc tithíochta iomlán Údaráis Áitiúla na hlarmhí agus 1731 rud a chiallaíonn go bhfuil na húdaráis áitiúila ar an tiarna talún is mó sa chontae le stoc tithíochta ar fiú €217 milliún é go coimeádach. Tá os cionn 150 corrfholúntas idir an dá údarás áitiúil agus tá siad sin, i dteannta lenár dtithe nua, leithdháilte do thionóntaí ar bhun na Scéime Tosaíochtaí Ligean.

Soláthraíonn tabhairt isteach an Achta Tithíochta nua 2009 creat dlíthiúil do Léasú Fadtéarmach, An Scéim Cóiríochta Cíosa agus tionscnaimh nua eile lena n-áirítear athruithe i Reachtaíocht Iompair Frith-Shóisialta agus Ceannachán Incriminteach do Thionóntaí.

Tithíocht Inacmhainne

Cuireann an timpeallacht eacnamaíoch atá ag éirí níos measa brú ollmhór eacnamaíoch ar an gComhairle maidir le stoc agus tithe inacmhainne. Bhí Údaráis Áitiúla na hlarmhí rannpháirteach go gníomhach ó thaobh soláthar díreach tithíocht inacmhainne chomh maith le haonaid a thógáil faoin Scéim Cuid V. Cé gur léasaíodh ceann de na haonaid, bhí 26 Aonad Inacmhainne eile fós folamh. Tá sé i gceist na hiarratasóirí a léasú d'iarratasóirí sóisialta trí chomhlacht dheonach i rith 2010.

Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS)

Leanann Comhairle Contae na hlarmhí ag cur an Scéim Cóiríochta Cíosa chun cinn agus ag deireadh 2009 bhí 266 maoin ar cíos faoin gClár sin.

Cothabháil Tithíochta

D'fhreagair Údaráis Áitiúla na hlarmhí do 950 iarratas deisiúchán tithíochta i rith na bliana seo caite. Tugadh isteach tionscnamh nua "Retro Fitting Energy Saving Measures" do thithe folmha ceadaíodh feabhsúcháin i gcás 21 de na tithe sin. Tugadh faoin gClár Athsholáthair Fuinneog agus Doirse ar 37 teach.

Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas/ Scéim Deontais Tithíochta d'Áiseanna Soghluaisteachta/ Cabhair Tithíochta do Dhaoine Scothaosta:

In 2009 cheadaigh an tÚdarás seo an méid deontas seo a leanas:

Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas	87	€1,038,754
Scéim Deontais Tithíochta d'Áiseanna Soghluaisteachta	26	€114,607
Cabhair Tithíochta do Dhaoine Scothaosta	117	€528,103
Líon Iomlán Faighteoirí	230	€1,681,464

Cóiríocht don Lucht Siúil

In 2009 glacadh leis an bPlean Cóiríochta don Lucht Siúil nua do 2009-2013. Cé nár chur an Chomhairle aon láithreán stad nua ar fáil, tá sé i gceist 35 aonad a sholáthar thar saol ré an Phlean trí Fáil, Corrfholúntas nó RAS. In 2007 tugadh cóiríocht do 17 teaghlach trí na roghanna sin.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

- 1700 teach ar cíos, iad bainistithe agus cothaithe ag an Roinn Tithíochta.
- 266 aonad faoin Scéim Cóiríochta Cíosa
- 43 aonad faoi Léasú Fadtéarmach
- Íocadh €1.68 ar 230 deontas i.e. Deontais Oiriúnaithe Tithíochta, Scéim Deontais Tithíochta d'Áiseanna Soghluaisteachta, Cabhair Tithíochta do Dhaoine Scothaosta.
- Soláthraíodh 48 aonad nua i láithreacha éagsúla le 16 aonad eile á tógáil.
- €12.3 milliún caite ar thógáil tithíochta in 2009.

Seirbhísí Leabharlainne agus na hEalaíon

Leabharlann an Mhuilinn gCearr

Mhéadaigh an Leabharlann nua a huaireanta oscailte go dtí 44.5 uair an chloig in aghaidh na seachtaine thar sé lá lena n-áirítear am lóin agus dhá thréimhse oscailte déanach san oíche. Tá méadú 25% ar úsáid na Leabharlainne le 106,195 itím ar iasacht agus 5,299 ball nua. Tháinig ardú go dtí 90,122 cuairteoir. Thug 164 rang in iomlán cuairt ar an leabharlann nua agus bhí 2,879 dalta i gceist.

Uaireanta Oscailte Leabharlainne, Ballraíocht agus Iasachtaí

Bhí leabharlanna ar oscailt ar feadh 9,908.5 uair an chloig phoiblí i rith 2009. Tháinig méadú 12% ar bhallraíocht na Seirbhíse Leabharlainne go dtí 14,809.

Thug líonra leabharlann an bhrainse 321,482 leabhar agus nithe closamhairc ar iasacht, agus b'ionann sin agus méadú de 13%. Ina theannta sin tugadh 1,120 leabhar ar iasacht do 9 bhunscoil.

Catagóirí Ballraíochta de réir %



*(*Catagóir Ballraíochta Eile = blociasachtaí, teagascóirí litearthachta do dhaoine scothaosta agus do dhaoine le riachtanais speisialta)*

Próifíl Úsáideora ar Ríomhairí le Rochtain Phoiblí



Bhain an pobal úsáid as 9,789 seisiún idirlín.

Seoladh Tionscadal Ríomhfhoghlama FÁS i Leabharlanna an Mhuilinn Chearr agus Bhaile Átha an Luain agus tugadh deis d'úsáideoirí leabharlainne cúrsaí ar-líne saor in aisce a dhéanamh ag ríomhCholáiste FÁS le tacaíocht ó éascaitheoir tiomanta.

Ghlac an Chomhairle páirt i dTionscadal Píolótach chun Seirbhís Leabharlainne a sholáthar do Dhaoine atá Gafa sa Teach san Iarmhí le Tionscadal Saoránachta Grúpa Foróige Thobar Chláir.

Staidéar Áitiúil / Seirbhís Chartlainne

Rinneadh an Roinn Staidéir Áitiúil ag an gCeanncheathrú Leabharlainne a athlonnú chuig Oifigí Nua an Chontae. Thug 591 duine cuairt ar na staidéir áitiúla sa Mhuileann gCearr agus thug 756 duine cuairt ar Leabharlann Bhaile Átha Luain.

Lean an dul chun cinn ar dhigitiú bailiúchán éagsúla chun iad a dhéanamh níos inrochtaine don phobal. I rith 2009 rinneadh digitiú ar Pháipéir Burgess Bhaile Átha Luain, Imeachtaí Choimisinéirí Bhaile an Mhuilinn Chearr 1856- 1899 agus Liostaí Iompair na hIarmhí.

Clár Imeachta Cultúrtha sna Leabharlanna

Chuir gach brainse clár cuimsitheach d'imeachtaí, de thaispeántais agus de ghníomhaíochtaí for-rochtana ar siúl.

- Seachtain na Gaeilge, Seachtain Náisiúnta na gCrann, Bealtaine 2009 agus Seachtain Oidhreachta
- Féile Leabhar do Leanaí, Comórtas Lá Fhéile Pádraig, léitheoireacht an tsamhraidh
- Drámú S.N. Naomh Kenny ar Christmas Carol le Charles Dickens.
- Féile Scéalaíochta na dTrí Abhann
- Taispeántais: Trócaire, fionnachtana seandálaíochta an N.R.A agus Comórtas Náisiúnta Ealaíne Lucht Siúil na hÉireann.
- Lá Filíochta na hÉireann leis an scríbhneoir Manchan Magan

Clár Ealaíon

Spáránachtaí & Scoláireachtaí Ealaíontóirí

Fuair 37 ealaíontóir spáránachtaí ealaíontóra chun cabhrú leo a gcleachtas gairmiúil féin agus a gcuid oibre féin a fhorbairt.

Deontais faoin Acht Ealaíne

Fuair 32 grúpa maoiniú.

Scéim Chónaitheachta Ealaíontóirí i gComhthéacs

Bhain 23 grúpa, a bhí comhdhéanta de Bhunscoil-eanna, Ionaid Chúram Sláinte agus Grúpaí Pobail leas as in 2009.

Irisleabhar Ealaíon agus Cultúrtha

Táirgtear Irisleabhar Ealaíon Réigiúnach Lár Tíre a mbíonn tóir air, trí huaire in aghaidh na bliana ar líne ar www.westmeathcoco.ie .

Máistir Ranganna Lár Tíre

Seachadadh sraith de 10 mháistir rang feadh na foirmeacha ealaíne go léir i rith mí Mheán Fómhair agus mí Dheireadh Fómhair chun freastal ar riachtanais na n-amharcealaíontóirí, na gceoltóirí, na scríbhneoirí agus na n-oirfideach.

Féile Scannán na nÓg Co-Motion Lár Tíre ag Teach Belvedere.

D'fhreastal Féile Scannán na nÓg Co-Motion ar dhaoine óga idir 10 agus 18. Craoladh gearrscannáin a rinneadh san Iarmhí i dteannta go leor scannán eile ó gach áit sa tír.
www.comotionfilmfestival.org.

Breámhaine Faoin gcéad do thionscadal ealaíne

Rinneadh coimisiúnú ar thionscadal Damhsa agus Dramaíochta Pobail do dhaoine óga in eastát tithíochta Breámhaine i mBaile Átha Luain chun spreagadh a thabhairt do rannpháirtíocht phobail agus uilechuimsitheacht shóisialta sa cheantar sin.

Óg-Cheolfhoireann Lár Tíre

Fuair Óg-Cheolfhoireann Lár Tíre tacaíocht i gcomhpháirtíocht le Comhairlí Contae Uíbh Fhailí agus Laoise, agus leis an gComhairle Ealaíon. Sheinn sí ag Féile na nÓg-Cheoilfhoirne IAYO a tionóladh sa Cheoláras Náisiúnta i mí Feabhra. Tá ceithre mháistir-rang le ceoltóirí gairmiúla mar theagascóirí curtha i gcríoch.

Amharclann Stiúideo Fhéile Nua Ceoil Bhaile an Chnoic

Léirigh an imeacht 2 lá de cheoil agus de thabhaithe nua comhaimseartha ionspioráideach obair 10 de na cumadóirí agus na healaíontóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta is fearr.

Ionad Ealaíon Lánpháirtithe an Mhuilinn Chearr

In 2009 thug os cionn 58,000 duine cuairt ar Ionad Ealaíon an Mhuilinn Chearr. Cuireadh 55 léiriú gairmiúil agus 24 léiriú áitiúil Amharclainne ar stáitse san Ionad.

- Chuir na Student Players an ceoldráma ***Fame*** ar an stáitse i mí Aibreán agus an Ceoldráma ***Rumours*** ar stáitse i mí Mheán Fómhair.
- Cuireadh an Gheamaireacht ***Jack and the Beanstalk*** ar stáitse i mí na Nollag le haghaidh 14 oíche.
- Chomhléirigh Amharclann Rail 3 dhráma ***The Last of the Red Hot Lovers***, ***Portia***
- ***Coughlan*** agus ***Stags and Hens***.
- Tionóladh an Scoil Drámaíochta Réigiúnach, Laighin agus Uile Éireann san Ionad agus ghlac 66 scoil ó gach áit sa tír páirt inti.
- Bhí Féile Drámaíochta na hIdirbhliana 'Briery Gap' agus Siamsa Gael Linn ar stáitse freisin.
- Rinne Nomad camchuairt le ***Observe the Sons of Ulster*** ag Ionad Ealaíon an Mhuilinn Chearr.
- Chuir Acadamh na nÓg sna Taibh-Ealaíona ranganna Damhsa, Drámaíochta, Ceoil agus Cnaguirlise ar siúl gach seachtain.
- Léirigh an Gailearaí Ealaíne, a bhí suite i dTeach an Mhargaidh, taispeántais de chuid 8 ealaíontóir gairmiúla, 2 mac léinn agus 1 ealaíontóir áitiúil.
- Cuireann Stiúideo Umbrella ranganna Ealaíon agus Ceardaíochtaí ar fáil do leanaí.
- Tionóladh Amazing School Art, urraithe ag Comhar Creidmheas an Mhuilinn Chearr, i mí an Mheithimh agus bhí oibreacha móra ealaíne ó 40 scoil náisiúnta sa Chontae ann.
- Soláthraíodh seirbhísí for-rochtana Damhsa do 24 scoil agus 2 ghrúpa le riachtanais ar leith. Soláthraíodh tacaíocht For-rochtana ceoil do 12 scoil.

Iompar

Tógáil agus Cothabháil Bóithre

Tá Údaráis Áitiúla na hlarmhí freagrach as bóithre poiblí a chothabháil agus a fheabhsú sa chontae. B'ionann caiteachas ar an ngréasán bóithre sin agus €88 milliún. Sholáthair an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta maoiniú de 71 milliún do na Bóithre Náisiúnta agus chuir an Roinn Iompair agus Comhairle Contae na hlarmhí 17 milliún ar fáil don ghréasán bóithre réigiúnach agus áitiúil.

N4 An Muileann gCearr go dtí an Longfort (Rúscaigh)

Tá dul chun cinn déanta ar phleanáil an tionscadail seo le Comhairle Chontae an Longfoirt agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta chun thart ar 50km den Phríomhbhóthar Náisiúnta idir an Muileann gCearr agus Tuaim Uisce, Co an Longfoirt a uasghrádú. Nascfaidh an scéim bheartaithe seo Seachbhóthar N4 an Mhuilinn Chearr (Débhealach) le scéim sheachbhóthar N4 Dhromad-Rúscaigh. Cuireadh an conair-bhealach is fearr atá ag teacht chun cinn ar taispeáint don chomhchomhairle pobail i mí Bealtaine.

N4 Deighilt Grádaithe na Dúnta

Tá méadú mór tagtha ar thrácht an N4 idir an Muileann gCearr agus na Dúnta le blianta beaga anuas. D'eascair ábhair imní maidir leis na hacomhail, go háirithe an t-acomhal le bóthar R156 Chill Liúcainne. Tá Comhairle Contae na hlarmhí, i gcompháirtíocht leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta ag moladh scéime chun sábháilteacht agus inniúlacht a fheabhsú. Áirítear soláthar acomhal grádd-heighilte ag New Down, dúnadh na meán-oscailtí agus dúnadh roinnt acomhal.

Lean an phleanáil ar aghaidh ar an tionscadal sin in 2009 agus tá an réamhphróiseas deartha i gcríoch. Tá próiseas pleanála Cuid 8 sceidealta le tosú i mí Eanáir 2010.

N52 Droichead na Carraige go dtí Cluain Fada

Baineann athailíniú an an mbóthair náisiúnta den dara grád (an N52) idir droichead na Carraige agus Cluain Fada leis an bhforbairt bheartaithe. Tá an chuid seo den N52 faoi bhun na gnáthchaighdeáin ó thaobh ailínithe le ráta ard timpistí bóthair.

Tá pleanáil ag dul ar aghaidh ar an tionscadal seo agus baineadh cead pleanála do Chuid 8 amach in 2009. Táthar ag obair go leanúnach chun ullmhú do na nósanna imeachta fála talún reachtúil atá beartaithe le tosú in 2010.

N52 - An Nasc idir an Tulach Mhór agus Cill Bheagáin

Tá Comhairle Chontae na hIarmhí i gcomhar le Comhairle Chontae Uíbh Fhailí agus i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta ag forbairt scéime le huasghrádú a dhéanamh ar Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád an N52 idir an Tulach Mhór agus an M6 nua ag Cill Bheagáin.

Tá an rogha bealaigh atá roghnaithe ceadaithe. Tá obair ar siúl go leanúnach le sainchomhairleoirí timpeallachta a fháil chun tabhairt faoi staidéar ar Ráiteas Tionchair Comhshaoil (EIS). Meastar go gcuirfidh an NRA maoiniú ar fáil sa bhliain 2010 le tús a chur leis an obair sin.

M6 ó Chionn Átha Gad go Baile Átha Luain

Leanadh le hoibreacha tírdhreachú agus le mionoibreacha fabhtanna a thabhairt chun críche sa bhliain 2009. Tá dul chun cinn déanta freisin le hidirbheartaíocht maidir le socruithe a dhéanamh le líon úinéirí talún lena mbaineann.

Tionscadail Eile Bóthair

Rinneadh dul chun cinn maidir le pleanáil, dearadh agus obair ar líon tionscadail eile bóthair:

- Bhí críochnú Scéim Athailínithe Rú Chonaill an N52 san áireamh sna Tionscadail Bhóithre Náisiúnta.
- Tionscadal Bóthar Chluain Mhór: Cuireadh tús le tógáil an Droichid in Aibreán na bliana 2009 agus tá sé beartaithe é a bheith críochnaithe i Meán Fómhair 2010.
- Robinstown: Tógadh 300m de dhébhealach nua.
- Droichead Charraig an Chaisleáin: Ceapadh sainchomhairleoirí leis an dearadh a thabhairt chun críche. Tá an tionscadal ag an gcéim deartha i láthair na huaire.
- Baile Bháltair an R390: 500m de bhóthar nua tógtha.

Tugadh líon tionscadail feabhsúcháin sábháilteachta chun críche le linn na bliana lena n-áirítear oibreacha ag Strattonstown, Baile na gCros, Rathcolman Cross, Ráth Eoghain agus Baile Ghlasáin. Rinneadh dul chun cinn le hoibreacha feabhsúcháin nó tugadh chun críche iad ar 10 Scéim Feabhsúcháin Áitiúil, agus chuaigh na scéimeanna sin chun tairbhe do 42 teaghlach.

Cothabháil Bóithre

Áiríodh i measc obair chothabhála agus obair fheabhsúcháin ar tugadh faoi ar fud an chontae, 106km de chóiriú Dromchla, 56km d'Athchóiriú Bóthair agus 10 km d'Athchóiriú Dromchla.

Áiríodh i measc cothabháil bhreise ar na bóithre, draenáil bhóithre, soilsiú poiblí, greannadh geimhridh, cothabháil ghruaimhíní is fiailí a bhaint, deisiúcháin droichid, cothabháil agus uasghrádú ar chomharthaí bóithre, scéimeanna bainistíochta tráchta, soláthar páirceála breise, srl.

Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre

Tugadh isteach Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre don chontae ag clúdach na tréimhse 2009 go dtí 2013 i gcomhar leis na Gardaí, an HSE agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Chuir maoiniú ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus ón Roinn Iompair ar chumas Chomhairle Chontae na hIarmhí tabhairt faoi líon bearta innealtóireachta shábháilteacht ar bhóithre, ar bhóithre náisiúnta agus ar bhóithre neamhnáisiúnta araon an chontae sa bhliain 2009.

Seirbhísí Uisce

Cothabháil ar Sheirbhísí Uisce

Sa bhliain 2009 chuir Comhairle Chontae na hlarmhí 35,000 m3/sa ló uisce óil ar fáil ó cheithre fhoinse soláthar uisce (Loch Uail, Loch Léinn, tollpholl ag Ballinderry (An Móta) agus Abhainn na Sionainne) chun freastal ar dhaonra de 67,000 sna bailte móra agus sna sráidbhailte sa Chontae chomh maith le ceantar leathan tuaithe. Cuireadh ceangal le Grúpscéim Uisce an Dúin i gContae Uíbh Fhailí in ionad an tsoláthair uisce ón tollpholl áitiúil i mBaile na hAbhann le linn na bliana 2009.

Déanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte monatóireacht ar chaighdeán uisce óil na hlarmhí thar ceann Chomhairle Chontae na hlarmhí agus léirigh na torthaí, a fhoilsíonn an EPA, go raibh caighdeán an uisce óil sa Chontae thar a bheith sásúil sa bhliain 2009.

Bhailigh an líonra fuíolluisce eisilteach ó 14,800 áitreabh. Rinneadh cóireáil ar sin ag 23 fearas cóireála fuíolluisce.

Ba €12m an costas iomlán a bhain le cothabháil a dhéanamh ar infrastruchtúr seirbhísí uisce sa bhliain 2009.

Clár infheistíochta na Seirbhísí Uisce

Tá soláthar a dhéanamh ar infrastruchtúr seirbhísí uisce nua agus uasghrádú a dhéanamh ar an infrastruchtúr atá ann cheana ríthábhachtach le héascú a dhéanamh ar fhorbairt an Chontae amach anseo. Meastar go ndéanfar infheistíocht de €219m in infrastruchtúr seirbhísí uisce sa Chontae faoi Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce 2007 – 2009. I rith 2009 rinneadh dul chun cinn maidir leis na scéimeanna seo a leanas:

Cóireáil Uisce Bhaile Átha Luain

Cuireadh le hacmhainneacht fearas cóireála uisce Bhaile Átha Luain ó 2 milliún galún in aghaidh an lae (MGD) go 3 MGD, ar chostas de €4M. Suiteáladh lampaí ultraivialaite mar chóireáil bhreise.

Scéim Fheabhsúcháin Séarachais an Mhuilinn Chearr

Leanadh le hobair ar uasghrádú ar Fhearais Chóireála Fuíolluisce an Mhuilinn Chearr faoin gConradh chun Fearas Cóireála Fuíolluisce a Dhearadh a Thógáil agus a Oibriú agus tá sé ceaptha go mbeidh sé tugtha chun críche i Meán Fómhair na bliana 2010. Leanadh le tógáil Príomh-Shéarach Idircheapóra an Mhuilinn Chearr agus meastar go dtabharfar é sin chun críche in Aibreán na bliana 2010.

Scéim Séarachais Ghlasán/Bhealach Caorthainn/Chuasáin

Leanadh le hobair thógála ar sholáthar scéim séarachais nua do na trí shráidbhaile ar a bhfuil luach Conarthach de €4.8M. Táthar ag súil go dtabharfar an obair sin chun críche faoi Fhómhar na bliana 2010.

Scéim Séarachais Rochfordbridge

Tá an obair choimisiúnaithe ar uasghrádú na scéime séarachais beagnach críochnaithe agus tá an Scéim ar sceideal le hoscailt le linn na bliana 2010.

Tionscadal Méadraithe Neamhtheaghlaigh

Tugadh suiteáil méadair ar áitribh neamhtheaghlaigh chun críche faoi mhí na Nollag na bliana 2009 agus baineadh úsáid as acmhainní na Comhairle féin. Suiteáladh 925 méadar le linn na bliana 2009 ar chostas de €509,000 rud a chiallaigh gur suiteáladh 3,650 méadair neamhtheaghlaigh ar iomlán san Iarmhí.

Caomhnú Uisce

Leanadh le hobair sa bhliain 2009 ar laghdú a dhéanamh ar mhéid an uisce gan tuairisc ó líonraí soláthairtí uisce. Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil €12.2m don Chomhairle d'oibreacha athshlánaithe ar an phríomhlíonra uisce sa Mhuileann gCearr agus i mBaile Átha Luain agus i bpáirteanna eile den Chontae, agus tabharfar na hoibreacha chomh fada leis an gcéim thógála le linn na bliana 2010.

Tionscadail atá ag an gCéim Phleanála agus Deartha

Rinneadh dul chun cinn ar líon tionscadail eile le soláthar a dhéanamh ar scéimeanna nua nó le huasghrádú a dhéanamh ar scéimeanna uisce agus séarachais atá ann cheana le linn na bliana 2009, lena n-áirítear:

- Príomhdhraenáil Bhaile Átha Luain
- Uisce na hlarmhí Theas
- Séarachas Dhealbhna
- Séarachas an Mhóta
- Séarachas Chill Bheagáin
- Séarachas Ráth Eoghain
- Séarachas Bhealach Bhaile an Mhuilinn
- Séarachas na Cúile
- Séarachas Fhiodh an Átha

An Clár Uisce Tuaithe

Éascaíonn an Clár Uisce Tuaithe forbairt seirbhísí uisce i gceantair thuaithe an Chontae agus b'ionann caiteachas faoin gclár seo agus €1.8m sa bhliain 2009, agus d'éascaigh an Chomhairle tríd an gClár sin:

- Tógáil 4 ghrúpscéim uisce nua a fhreastalaíonn ar 63 teach
- Uasghrádú 2 ghrúpscéim uisce agus glacadh cúram 5 ghrúpscéim uisce atá ann cheana féin
- 20 deontas i leith toibreacha príobháideacha soláthar uisce nua a sholáthar nó uasghrádú a dhéanamh ar thoibreacha atá ann cheana féin.
- Uasghrádú a dhéanamh ar an infrastruchtúr seirbhísí uisce atá ann cheana féin faoin gClár do Scéimeanna Beaga.

Cur Chun Cinn agus Feasacht Chomhshaoil

Lean Comhairle Chontae na hlarmhí le chláir fheasachta comhshaoil a spreagadh go gníomhach le linn na bliana 2009. Áirítear i measc tionscnaimh a feidhmíodh i rith na bliana:

- **Clár Scoileanna Glasa** - tá 84% de scoileanna an chontae cláraithe anois.
- **Ciste Áitiúil Comhpháirtíocht Comhshaoil Chlár 21** - cur chun cinn tionscadail chomhshaoil inbhuanaithe ag leibhéal áitiúil.
- **Tionscnaimh Feasachta in Aghaidh an Bhruscair agus in Aghaidh Graifítí** - maoiniú curtha ar fáil do 13 tionscadal.
- **Cur Chun Cinn an Chomhshaoil** - trí idircheangal leis na Bailte Slachtmhara agus le Grúpaí Pobail.

Rialú Bruscair

Sa bhliain 2009 chaith Comhairle Chontae na hlarmhí €1.2 milliún ar rialú bruscair sa chontae. Caitheadh an chuid ba mhó den mhaoiniú ar chlár glanadh sráide sceidealaithe do bhailte agus do shráidbhailte an Chontae ar fad. Cuireadh le bearta forfheidhmithe bruscair freisin i rith na bliana agus baineadh úsáid as CCTV ag líon siocracha móra bruscair áit a raibh dumpáil mhídhleathach ag tarlú. Is mar seo a leanas a bhí líon na cigireachta agus na ngearán sa bhliain 2009:

Catagóir	Cigireacht Phleanáilte	Gearáin in aghaidh bruscair a fuarthas agus a imscrúdaíodh	An líon iomlán cigireachta
Bruscar	1048	1021	2069

Bainistiú Dramhaíola

Tá Comhairle Chontae na hlarmhí ina páirtí sa Phlean Bhainistiú Dramhaíola an Réigiúin Lár Tíre 2005-2010. Seasann céatadán na dramhaíola a cuireadh i dtreo athchúrsála ag 35% anois. Ghlac an Chomhairle le Fodhlíthe sa bhliain 2009 le bailiúchán dramhaíola a rialú lena chinntiú go ndéantar dramhaíl líon tí a dheighilt agus a stóráil i gceart agus curtha i láthair ag an teaghlach.

Bailiú Dramhaíola

Sholáthraigh an Chomhairle, ar bhonn conartha, seirbhís bailithe dramhaíola do thart ar 10,000 líon tí, agus chiallaigh sé sin córas bailithe 2 bhosca bruscair gach re seachtain. Ina theannta sin, d'fheidhmigh sí tionscadal bailiúchán bosca bruscair donn ar bhonn píolótach i bpáirteanna de bhaile an Mhuilinn Chearr do dhramhaíl orgánach líon tí ar mhaithe lena múiríniú. Tháinig na seirbhísí bailithe sin chun críche an 31 Nollaig 2009.



Saoráidí Athchúrsála

Bailíodh ar an iomlán 3,908 tonna ábhair inathchúrsáilte ag Ionaid Athchúrsála agus ag Líonra Banc Tabhartha sa Mhuileann gCearr agus i mBaile Átha Luain sa bhliain 2009.

Líonadh Talún

Lean an Chomhairle le saoráid Líonadh Talún Bhaile Domhnaigh a fheidhmiú do dhiúscairt dramhaíola iarmharaí. Tugadh mór chonartha chun críche i mí na Samhna chun athchré a chur ar 65% den líonadh talún. Meastar go sroichfear lán-acmhainneacht sa líonadh talún agus go ndúnfar é sa bhliain 2010.

Leanadh le monatóireacht chomhshaoil a dhéanamh ar Líonadh Talún Bhaile Marlainn atá dúnta de réir Ceadúnais Dramhaíola an EPA. Fuair an Chomhairle tailte go héigeantach ag an tsaoráid le deis a thabhairt athchré a chríochnú ar an líonadh talún ar bhonn buan sa bhliain 2010.

Monatóireacht Chomhshaoil agus Forfheidhmiú

Tógann Monatóireacht agus Forfheidhmiú Chomhshaoil dramhaíl, monatóireacht agus bainistiú caighdeán uisce, aeir agus torann san áireamh.

Rialachán Dramhaíola

Tá an Chomhairle freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar na láithreacha agus ar na gníomhaíochtaí ceadaithe seo a leanas:

Láithreacha Ceadaithe Saoráide Dramhaíola	41
Saoráidí Cóireála maidir le Feithiclí atá i nDeireadh a Ré	4
Táirgeoirí Feithiclí Cláraithe	12
Féinchomhlíontóirí Dhramhaíl Pacáistithe Cláraithe	2

Chomh maith le ceadú agus rialú saoráidí, áiríodh i measc gníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola, déanamh cigireachta, gearáin a bhaineann le dramhaíl comhshaoil a réiteach agus a imscrúdú, agus oibriú i gcomhar leis an nGarda Síochána ar líon sheicphointí, ar mhaithe le gluaiseachtaí dramhaíola mídhleathacha a sheiceáil.

Cáilíocht Uisce

Tugadh faoi chigearachtaí ar rialáil agus ar cheadúnú eisiltigh chuig uiscí agus séaraigh, agus ar fhearais fuíolluisce uirbigh, aibhneacha agus lochanna.

Cineál Láthair	Líon Láithreacha a ndearnadh Monatóireacht orthu
Fearais Chóireála Fuíolluisce Uirbigh	30
Uisce Locha	70
Uisce Folctha	3
Stáisiún Uisce Abhann	24
Gearáin maidir le Truailliú Uisce	74
Ceadúnaithe do Dhoirteadh go Séarach	15
Ceadúnaithe do Dhoirteadh go hUiscí	31

Pleananna Abhantraí

Tá an Iarmhí ina chuid de dhá Cheantar Abhantraí, an tSionainn agus Ceantar na hAbhann Thoir. Ullmhaíodh Dréachtphlean Bainistíochta Abhantraí agus tugadh faoi chomhairliúchán poiblí i rith na bliana.

Cigireachtaí Comhshaoil

Rinneadh líon Cigireachtaí Comhshaoil a bhí pleanáilte agus cuid nach raibh le linn na bliana 2009.

Catagóir	Cigireacht Phleanáilte	Gearáin a fuarthas agus a imscrúdaíodh	Iomlán na gCigireachtaí
Uisce agus Fuíolluisce	1005	74	1079
Forfheidhmiú Dramhaíola	102	91	193
Aer agus Torann	7	117	124

Athrú Aeráide

Rinne an Chomhairle i gcomhar leis an nGníomhaireacht Fuinnimh Lár-Tíre iarrachtaí le spáráil fuinnimh a bhaint amach trí chlár bearta lena n-áirítear iniúchtaí ar na mórchuntais fuinnimh ar fad, tástáil éifeachtúlachta caidéil, tabhairt isteach córais ICT atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh, tairiscintí maidir le soilsiú poiblí agus úsáid á bhaint as fuinneamh glas.

Sábháilteacht Bia agus Seirbhísí Tréidliachta

Tá Comhairle Chontae na hIarmhí, faoi chonradh le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, freagrach as sláinte ainmhithe, leasa ainmhithe agus reachtaíocht shábháilteachta bia a fhorfheidhmiú in 12 seamlas agus in ionad beag amháin déantúsaíochta feola.

Bhí tuilleadh laghduithe i líon na madraí gan úinéir a bailíodh nó a tugadh ar lámh do Chomhairle Chontae na hIarmhí.

Reiligí

Chuir an Chomhairle scéim deontais €100,000 i gcrích d'oibreacha feabhsúcháin i 19 Reilig Phoiblí. Cuireadh maoiniú ar fáil freisin d'oibreacha feabhsúcháin ar líon reiligí atá faoi úinéireacht na Comhairle.

Láithreáin Thréigthe

D'fheidhmigh an Chomhairle clár gníomhach le dearóiliú gránna a laghdú ag úsáid cumhachtaí forfheidhmithe an Achta um Láithreáin Thréigthe, 1990. Glacadh na bearta seo a leanas sa bhliain 2009:

Líon Fógraí Forfheidhmithe a Eisíodh faoi Alt 11	24
Líon na bhfoirgneamh ar Chlár na Láithreán Tréigthe ag deireadh na bliana 2009	29

Corr-thrádáil

Tá Corr-thrádáil a rialáil agus a rialú faoi Fhodhlíthe Corr-thrádála na Comhairle. Faoi láthair tá Ceantair Ainmnithe in 10 mbaile sa chontae áit a gceadaítear Corr-thrádáil faoi chórais cheadúnaithe a fheidhmíonn an Chomhairle.

Seirbhísí Dóiteáin agus Seirbhísí Éigeandála

Oibríochtaí Dóiteáin agus Tarrthála

D'fhreagair Seirbhísí Dóiteáin agus Tarrthála na hlarmhí agus Bhaile Átha Luain 1004 eachtra ar an iomlán, méadú de 9 ó fhigiúirí na bliana 2008.

Tháinig méadú 11% i líon na ndóiteán simléir ar freastalaíodh orthu in 2008, agus tháinig laghdú 13% ar líon na ndóiteán tí. Tháinig laghdú mór faoi 38% ar an bhfreastal ar thionóiscí tráchta bóithre i gcomparáid leis an líon a taifeadadh sa bhliain 2008. Tháinig méadú faoi 22%, áfach, ar líon na ngníomh-achtaithe aláraim dóiteáin neamhriachtanacha.

Taispeántar briseadh síos ar na cineál eachtraí sa tábla agus tá sé curtha i láthair sa chairt thíos.

Cineál Eachtra	2009
Dóiteán simléir	305
Rabhadh Bréige G/1	56
Rabhadh Bréige M/1	16
Tí	84
Portach/Foraois	42
Sheid Fhéir	21
Dóiteáin Feithiclí	97
RTC	88
Tráchtáil	21
Dóiteán Institiúideach	10
Dóiteán Tráchtála	12
Bruscar Lasmuigh	92
Seirbhísí Speisialta	24
Eile	30
Gníomhacthú Aláraim/Dóiteáin	106
Iomlán	**1004**

Seirbhísí Dóiteáin & Tarrthála na hlarmhí & Baile Átha Luain



Oiliúint

Leanadh le hoiliúint earcaigh nua chun na Seirbhíse Dóiteáin agus Tarrthála agus leanadh le hoiliúint ar bhonn leanúnach an phearsanra atá ann cheana sa bhliain 2009.

Ina theannta sin, tugadh faoi oiliúint Athnuachana don Chóras Ceannasaíochta Eachtraí nua, do Lucht Caite Gaireas Análaithe, do na Céad Fhreagróirí Éigeandála, do na Céad Fhreagróirí Stad Chairdiaigh do gach pearsanra oibríochta dóiteáin.

Leanadh le hoiliúint le linn na bliana freisin ar na nósanna imeachta bainistíochta nua a bheidh in úsáid nuair a ghníomhaítear an Mórphlean Éigeandála. Áiríodh san oiliúint sin cleachtaí i gcomhar leis an H.S.E., An Garda Síochána agus An Chosaint Shibhialta.

Feasacht Oideachais agus Aláraim Dheataigh

Thug lucht múchta dóiteán cuairt ar 1481 leanbh i 65 rang a trí i mbunscoileanna an chontae. Ina theannta sin, thug os cionn 1,005 leanbh scoile agus leanbh réamhscoile cuairt ar na stáisiúin dóiteáin sa bhliain 2009.

Tugadh 24 léacht ar shábháilteacht dóiteáin do ghrúpaí pobail sa bhliain 2009.

Dháil an tSeirbhís Dóiteáin os cionn 700 aláraim dheataigh ar thithe éagsúla i gCo. na hlarmhí.

Iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteáin agus Iarratais Phleanála

Phróiseáil an Roinn Dóiteáin ar iomlán 86 iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteáin agus 125 iarratas pleanála sa bhliain 2009.

Cosaint Shibhialta

Cúnamh Pobail

Chuir an Chosaint Shibhialta pleanáil, tacaíocht lóistíochúil, cúnamh chun trácht a bhainistiú; maoirseacht, otharcharr, garchabhair agus clúdach báid ar fáil don iliomad imeachtaí áitiúla agus imeachtaí idirnáisiúnta ar fud na hIarmhí. Bhí ócáidí tiomsaithe airgid, imeachtaí bolscaireachta turasóireachta, imeachtaí spóirt, paráidí pobail, snámh, aontaí tuaithe agus féilte sráide i gceist anseo.

Cúrsaí Oiliúna

D'fhreastal baill ar chúrsaí ar raon éagsúil ábhar, lena n-áirítear Sárchumas ar Mhótarbhád, Loingseoireacht Cósta do Bháid Bheaga, Oibríocht Raidió, Garchabhair, Oiliúint Easbhóthair, Sláinte agus Sábháilteacht, CPC do Thiománaithe, Seimineáir Taismeach agus Comhdháil ar Tharrtháil Theicniúil.

Cleachtadh Náisiúnta

Rinne baill ionadaíocht ar an gcontae ag an gCleachtadh Náisiúnta Cosanta Sibhialta a reáchtáladh i nDroichead Átha, i gCo. Lú i nDeireadh Fómhair. Áiríodh i measc gnéithe den chleachtadh, Taisme, Seirbhís Dóiteáin Chúntach, Báid, Tarrtháil agus Leasa.

Turas Míleata Idirnáisiúnta

Thaistil baill na hIarmhí mar chuid de mheitheal na bhFórsaí Cosanta a ghlac páirt san 51ú Turas Míleata Idirnáisiúnta ar Lourdes i mí Bhealtaine. Thug an Chosaint Shibhialta faoi mhaoirsiú searmanais agus faoi dhualgais Gharchabhrach.

Ag Freagairt do Thuilte

Rinneadh baill Chosaint Shibhialta na hIarmhí a shlógadh agus baineadh leas as a gcuid seirbhísí i mBaile Átha Luain le cúnamh a thabhairt le faoiseamh ó thuilte agus d'fhan siad ar dualgas ansin ar bhonn laethúil go dtí an 18 Nollaig. Bhí an dualgas sin comhdhéanta de 198 dhaonlaethanta agus de 2351 uaire dualgais ar an iomlán. Áiríodh i measc na dtascanna ar tugadh fúthu, feidhmiú mar nasc údaráis mhíleata/sibhialta, ag cur málaí gaineamh in áit, ag déanamh monatóireacht ar leibhéal na dtuilte, bainistiú tráchta, aslonnaithe, idirchaidreamh le húinéirí tí agus le húinéirí gnó, ag cur oibrithe deonacha ar fáil in ionad faoisimh tuilte, ag aistriú daoine a bhí i mbaol ó na tuilte, agus ag tabhairt isteach bia agus breosla.

Pleanáil Chun Cinn

Is é an ról atá i gceist le feidhm na Pleanála Chun Cinn ná creat a leagan amach d'fhorbairt fhisiciúil an Chontae ar mhaithe le forbairt a spreagadh trí dheiseanna fostaíochta a chur chun cinn agus tait-neamhachtaí a bhuanchoimeád, a chaomhnú agus a chosaint.

Léirítear an cúlú i ngníomhaíocht eacnamaíochta ar feadh na bliana sa laghdú géar i líon na n-iarratas phleanála a seoladh chuig an Údarás Pleanála. In ainneoin an treochta sin táthar fós ag díriú ar fheidh-miú an Chláir ar Phleanáil Chun Cinn.

Seo a leanas achoimre ar na príomhréimsí dul chun cinn sa phleanáil chun cinn:

- Glacadh le Pleananna Limistéir Áitiúil do Cor na mBeach, Ráth Fhearna, Lissywollen South, An tArd Mór/Baile Marlainn, Bealach an Tirialaigh agus Irishtown, Baile Átha Luain.
- Tabhairt chun Críche pleananna Lonnaíochta gan Seirbhís do Ballinea agus do Mhaigh Mhórdha.
- Tús curtha le Pleananna Limistéir Áitiúil do Bhaile Chaisleáin na nGeochagán, An Muileann gCearr Theas, Béal Átha na nGabhar agus an Móta Theas.
- Tús curtha le Straitéis Bealaí Glasa don Mhuileann gCearr agus tús curtha le Straitéis in Aice le hUisce do Bhaile Átha Luain
- Plean Bainistithe agus Caomhnaithe Tosaigh tugtha chun críche.
- Dréacht-athbhreithniú ar an bPlean Oidhreachta do Co. na hIarmhí tugtha chun críche ag an bhFóram Oidhreachta.
- Glacadh leis na héagsúlachtaí seo a leanas don Phlean Forbartha Contae 2008-2014.
  - (i) Éagsúlacht Uimh.2 (athchriosú tailte ag Relic Road, Cill Bheagáin ó 'Spás Oscailte/ taitneamhacht' agus gan chriosú go criosú 'cónaitheach')
  - (ii) Éagsúlacht Uimh.3 (chun thart ar 8.6 heicteár de thailte nach raibh criosaithe roimhe seo a chriosú d'Fhiontraíocht agus d'Fhostaíocht, thart ar 1 heicteár a chriosú do Chriosú Cónaitheach agus 0.7 heicteár a chriosú do Spás Oscailte ag Loch Siabhair i mbaile fearainn Robinstown (Levinge)
  - (iii) Éagsúlacht Uimh. 7 Athchriosú píosa talún 1.26 heicteár ó chriosú cónaitheach go húsáid mheasctha le Lárionad Comharsanachta ar an C-Link a éascú
- Seoladh scéim Ghradaim do Dhearadh Tuaithe
- Cuireadh tús leis an bpróiseas Cur le Taifead na nDéanmhas Cosanta

FORBAIRT AGUS PLEANÁIL EACNAMAÍOCHTA

Scéim Deontais Chaomhnaithe

Leithdháil an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil €106,200 ar an gComhairle. Bronnadh é sin ar 11 iarratasóir deontais rathúil, a rinne oibreacha athcóirithe riachtanach a bhí ceadaithe ar dhéanmhas cosanta sa Chontae.

Bainistiú Forbartha

Ba 641 líon na n-iarratas pleanála bailí a fuair Comhairle Chontae na hlarmhí agus Comhairle Baile Bhaile Átha Luain i gcomhar le chéile sa bhliain 2009. Tá treochtaí i líon na n-iarratas a fuarthas, a deonaíodh nó a diúltaíodh léirithe sa ghraif a leanas.

Staitisticí Bhainistiú Forbartha 2008 - 2009



Staitisticí Forfheidhmithe 2008 & 2009



Dlí agus Forfheidhmiú

Tá an Roinn Dlí agus Forfheidhmithe freagrach as forfheidhmiú pleanála i ndáil le forbairt neamhúdaraithe, glacadh cúram eastáit, bailiú tobhaigh forbartha, rialú foirgníochta, fhógraí tosach feidhme agus deimhniú rochtana míchumais.

Fuair an Roinn Dlí agus Forfheidhmithe 164 gearán sa bhliain 2009 agus díbheadh 29 acu sin. Seirbheáladh ar an iomlán 129 litir rabhaidh agus 50 fógra forfheidhmithe. Réitíodh 42 cás agus tionscnaíodh 14 ionchúiseamh sna cúirteanna.

Rialú Tógála

Fuarthas 267 fógra tosach feidhme sa réimse rialú tógála. Rinneadh iniúchadh ar 16.85% de na foirgnimh ar cuireadh tús leo faoin Acht um Rialú Foirgníochta 1990 agus tá sé sin níos airde ná na treoirlínte náisiúnta.

Cúram a ghlacadh ar Eastáit Tithíochta

Cuireadh tús leis an bpróiseas cúram a ghlacadh ar 11 eastát sa bhliain 2009.

An Scéim Ranníocaíochta Forbartha

- Ba €3,213,211 an t-airgead a bhí dlite faoin scéim amhail an 31 Nollaig 2009
- Ba Regular16,407,857 an t-airgead a caitheadh/a bhí tiomanta faoin scéim in 2009

Tá Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain 2009 agus an Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2009 na Comhairle leagtha amach ar an dá leathanach a leanas.

Ioncam

Tá achoimre ar na hollfhoinsí incaim leagtha amach sa chairt thíos:



Do gach uile €1 ioncaim a fuaireamar sa bhliain 2009 tháinig 58 cent ó Dheontais agus ó Fhóirdheontais, b'ionann Earraí agus Seirbhísí agus 32 cent agus b'ionann agus 10 cent Rátaí Tráchtála.

Caiteachas

Tá achoimre ar na hollfhoinsí caiteachas ioncaim leagtha amach sa tábla thíos:

Catagóir Costais	€m	%
Párolla (lena n-áirítear Pinsin)	29.9	40.8
Oibriúchán	30.0	41.0
Riarachán	4.0	5.5
Airgeadas	3.4	4.6
Eile	6.0	8.1
Caiteachas Iomlán	**73.3**	**100**

Do gach €1 caiteachas ioncaim a tabhaíodh in 2009, chuaigh 41 cent ar Chostas Párolla, 41 cent ar Chostas Oibriúcháin (Ábhair, Gléasra ar Chíos, Trealamh srl), agus b'ionann 18 cent agus gach costas eile, comhdhéanta go príomha de, Ús Iasachta, Fuinneamh, Táillí Dlí agus Táillí Eile, Costais Chumarsáide, agus Oiliúint.

An Clár Caipitil

Chaith an Chomhairle níos mó ná €151m ar an gclár caipitil sa bhliain 2009. Áiríodh ansin caiteachas ar na scéimeanna seo a leanas:

- €68.9m ar Mhótarbhealach an M6
- €6.2m ar Nascbhóthar agus ar Dhroichead Cluain Mhór
- €1.2m ar Nascbhóthar Robinstown
- €24.4m ar Scéim Fheabhsúcháin Séarachais an Mhuilinn Chearr
- €0.8m ar Thithíocht ag Market Hill An Baile Mór
- €3.0m ar Scéim Fheabhsúcháin Séarachais Bealach Caorthainn/Glasán/Cuasán

Tá achoimre ar na hollchatagóirí caiteachas caipitil leagtha amach sa tábla thíos:



Obair Leanúnach

De réir an chuspóra atá ag an bhFoireann Bainistíochta, sé sin feidhmiú tionscnaimh I.C.T. ar fud na heagraíochta a éascú agus a chur chun cinn, le linn na bliana 2009 aistríodh próiseáil an phárolla do thuarastail agus do phinsin chuig an gcóras nua, Core, an córas nua lánpháirtithe HR/Párolla/Aoisliúntas. D'éascaigh an tionscadal seo chomh maith feidhmiú soláthar seirbhíse roinnte le Comhairle Baile Bhaile Átha Luain. Leanfar leis an tionscadal seo in 2010 le haistriú próiseáil pá chuig an gcóras nua.

Áirítear i measc na bpríomhchuspóirí eile don Roinn Airgeadais don bhliain 2010 athbhreithniú leanúnach ar na córais rialaithe buiséid i gcomhthéacs na timpeallachta airgeadais srianta agus ár gcórais bailithe fiacha a fheabhsú.

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2009

	2009	2008
	€	€
Sócmhainní Seasta		
Oibríoch	269,382,727	216,918,347
Bonneagrach	2,059,551,789	1,992,610,868
Pobal	15,610,466	14,745,383
Neamhoibríoch	2,721,802	2,474,744
	2,347,266,784	**2,226,749,341**
Obair Leanúnach agus Réamhchostais	9,320,056	26,283,484
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	36,009,014	37,228,213
Sócmhainní Reatha		
Stoic	170,701	238,863
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	35,432,997	33,893,930
Infheistíochtaí Bainc	18,000,762	13,088,305
Airgead Tirim sa Bhanc	1,438,653	2,700,100
Airgead Tirim faoi Bhealach	13,903	6,642
Cuntas Uirbeach	215,000	-
	55,272,016	**49,927,840**
Dliteanais Reatha (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)		
Rótharraingt Bainc	-	-
Creidiúnaithe & Fabhruithe	20,516,379	17,631,739
Cuntas Uirbeach	-	-
Léasanna Airgeadais	140,094	94,957
	20,656,473	**17,726,696**
Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais)	**34,615,544**	**32,201,144**
Creidiúnaithe (Méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)		
Iasachtaí Iníoctha	103,288,728	88,965,034
Léasanna Airgeadais	-	140,094
Éarlais inaisíoctha	1,449,606	1,807,744
Eile	-	-
	104,738,334	**90,912,872**
Glan-Sócmhainní	**2,322,473,064**	**2,231,549,310**
Maoinithe ag		
Cuntas Caipitlithe	2,347,266,784	2,226,749,341
Ioncam WIP	9,473,136	23,821,706
Cúlchiste Áirithe Ioncaim	677,531	677,531
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim	(2,731,461)	(2,911,002)
Iarmhéideanna Eile	(32,212,927)	(16,788,267)
Cúlchistí Iomlána	**2,322,473,064**	**2,231,549,310**

Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Tugann Ráiteas an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais an t-ioncam agus an caiteachas a bhaineann le hioncam le chéile. Léiríonn sé barrachas/(easnamh) don bhliain.

		Comhlán Caiteachas €	Comlán Admhálacha €	Glan Caiteachas €	Glan Caiteachas €
Caiteachas de réir Clárghrúpa	**%**	**2009**	**2009**	**2009**	**2008**
Tithíocht & Foirgníocht	10.9	7,975,433	8,372,899	-397,465	820,543
Iompar Bóithre & Sábháilteacht	19.5	14,327,168	10,871,766	3,455,402	3,366,010
Uisce & Séarachas	16.1	11,818,125	4,011,158	7,806,967	8,044,893
Rialuithe & Dreasachtaí Forbartha	7.4	5,415,623	1,101,201	4,314,422	4,034,367
Cosaint an Chomhshaoil	14.8	10,835,887	7,927,872	2,908,016	2,198,022
Caitheamh Aimsire & Fóntas	8.3	6,109,013	1,821,219	4,287,794	4,430,813
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	16.4	12,008,550	11,741,122	267,428	268,522
Ilghnéitheach	6.6	4,830,990	2,714,587	2,116,403	2,454,439
Caiteachas Iomlán/Admhálacha	**100**	**73,320,790**	**48,561,823**	**24,758,966**	**25,617,610**
Maoinithe ag:					
Rataí				7,807,175	7,485,991
Ciste Rialtais Áitiúil				19,679,331	22,711,775
Pension Related Deduction				946,072	0
Táillí Uirbeacha				1,300,150	950,000
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe				**4,973,762**	**5,530,156**
Aistrithe chuig/ó Chúlchistí				**-4,851,520**	**-4,775,647**
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain				**122,242**	**754,509**
Cúlchiste Ginearálta ag 1 Eanáir 2009				**-2,911,003**	**-3,665,511**
Cúlchiste Ginearálta ag 31 Nollaig 2009				**-2,788,761**	**-2,911,003**

Caiteachas Ioncaim iomlán de réir Clárghrúpaí



Sláinte agus Sábháilteacht

Oiliúint Shláinte agus Sábháilteacht

Tá oiliúint ar cheann de na príomhghnéithe le feabhas a chur ar scileanna na foirne agus ina theannta sin le feasacht a ardú maidir le sábháilteacht. Reáchtáladh 37 cúrsa oiliúna agus d'fhreastail thart ar 365 den fhoireann orthu. Caitheadh €104,000 ar an mbuiséad oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta. Reáchtáladh raon mór cúrsaí lena n-áirítear, pas sábháilteachta, comharthaí, soilse agus gardáil, rothaí scríobacha, spásanna teoranta, oiliúint i bhfearais soghluaiste, cúrsa oibrí mótarbhealaí agus cúrsa AED (Dífhibrileora). Chomh maith leis sin d'fhreastail tiománaithe feithiclí ó chlós Innealra an Mhuilinn Chearr ar chúrsa CPC 1 lae (teastas in inniúlacht ghairmiúil).

Iniúchtaí ar Láithreáin agus Gníomhaíocht an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

Rinne an Comhairleoir Sábháilteachta iniúchadh ar 74 láithreán/fearas/foirgneamh le linn na bliana 2009. Rinne an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta iniúchadh ar 6 láithreán. Áiríodh ar na hiniúchtaí seiceálacha ar shábháilteacht láithreáin agus freisin ar cháipéisí sábháilteachta gaolmhara.

Mionsonraí maidir le Timpistí agus le hEachtraí

Tuairiscíodh 23 timpiste le linn na bliana 2009. Cailleadh 228 lá oibre mar gheall ar na timpistí sin. Níor cailleadh aon am mar thoradh ar 12 de na timpistí a tuairiscíodh. Tuairiscíodh 6 cinn de na timpistí don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (cailleadh os cionn 3 lá).

Toghcháin Áitiúla

Reáchtáladh na Toghcháin Áitiúla an 5 Meitheamh 2009. Sheas ar an iomlán 22 iarrthóir sa toghchán do Chomhairle Baile an Mhuilinn gCearr. Is beag nár thóg Comhaireamh an Toghcháin Áitiúil dhá lá lena thabhairt chun críche agus toghadh na Comhaltaí seo a leanas ar Chomhairle Baile an Mhuilinn gCearr don tréimhse chúig bliana 2009 - 2014:

- An Comhairleoir Michael Dollard
- An Comhairleoir Detty Cornally
- An Comhairleoir Peter Burke
- An Comhairleoir Gerry Sheridan
- An Comhairleoir Ken Glynn
- An Comhairleoir Bill Collentine
- An Comhairleoir Aidan Davitt
- An Comhairleoir Pat Collins
- An Comhairleoir Ruth Illingworth

An Chéad Chruinniú Ginearálta Bliantúil

Reáchtáladh an Chéad Chruinniú Ginearálta Bliantúil do Chomhairle Baile nua an Mhuilinn gCearr an 15 Meitheamh, 2009. Tóghadh an Comhairleoir Ruth Illingworth mar Chathaoirleach agus toghadh an Comhairleoir Detty Cornally mar Leas Chathaoirleach.

Ionadaíocht ar Chomhlachtaí Eile

Rinneadh na ceapúucháin seo a leanas ar chomhlachtaí eile ag an gCéad Chruinniú Ginearálta Bliantúil de Chomhairle Baile an Mhuilinn gCearr:-

- Ainmníodh an Comhairleoir Pat Collins agus an Comhairleoir Gerry Sheridan le suí ar Chomhlachas Údarás Bardasach na hÉireann.
- Ainmníodh an Comhairleoir Ruth Illingworth le suí ar Fhóram Oidhreachta na hlarmhí
- Ainmníodh an Comhairleoir Ken Glynn mar Chathaoirleach ar Chomhchoiste Póilíneachta Baile an Mhuilinn Chearr.
- Ainmníodh Ruth Illingworth le hionadaíocht a dhéanamh ar Chomhairle Baile an Mhuilinn Chearr ar an mBord Fiontair Contae.
- Ainmníodh an Comhairleoir Peter Burke le hionadaíocht a dhéanamh ar Chomhairle Baile an Mhuilinn Chearr ar Bhord Forbartha Pobail na hlarmhí Teo.
- Ainmníodh an Comhairleoir Bill Collentine ar Choiste um Beartais Straitéiseacha Comhshaoil Chomhairle Chontae na hlarmhí.
- Ainmníodh an Comhairleoir Gerry Sheridan ar Choiste um Beartais Straitéiseacha Iompair Chomhairle Chontae na hlarmhí.

Freastal ar Chomhdhálacha

D'fhreastail an Comhairleoir Pat Collins agus an Comhairleoir Gerry Sheridan araon ar Chomhdháil Bhliantúil Chomhlachas Údarás Bardasach na hÉireann a reáchtáladh i gCill Airne, Co. Chiarraí i Meán Fómhair.

Ócáidí Cathartha

Thionóil Comhairle Baile an Mhuilinn gCearr na hócáidí cathartha seo a leanas.

- Thug an tEaspag Michael Smith, Easpag na Mí Aitheasc Aitheantais an 4 Márta, mar cheiliúradh ar a Iubhaile Airgid.
- Tugadh Aitheasc Aitheantais do bhanna ceoil ón Muileann gCearr, "The Blizzards", an 25 Bealtaine, mar cheiliúradh ar a bhfuil bainte amach acu go dtí seo i dtionscal an phopcheoil.
- Baineadh úsáid as Teach an Mhargaidh arís ar Lá Fhéile Pádraig mar bhonn don Fháiltiú roimh Pharáid Bhliantúil Lá Fhéile Pádraig. Chuir Comhaltaí Chomhairle Baile an Mhuilinn gCearr go mór le reáchtáil Pharáid Lá Fhéile Pádraig.
- Thug an Dr. Kemafo N.Chikwe, Ambasadóir na Nigéire cuairt chúirtéise ar an Muileann gCearr an 5 Bealtaine. Chas Cathaoirleach Comhairle Baile an Mhuilinn gCearr, mar aon le Cathaoirleach Comhairle Chontae na hlarmhí agus Cathaoirleach Chomhairle Baile Bhaile Átha Luain leis an Ambasadóir ag Teach an Mhargaidh, An Muileann gCearr.

An Chomhchoiste Póilíneachta

Reáchtáladh Cruinniú Tionscnaimh Comhchoiste Póilíneachta Bhaile an Mhuilinn gCearr an 8 Aibreán. Tá 9 gComhalta an Chomhairle Baile ar fad rannpháirteach i gComhchoiste Póilíneachta an Mhuilinn gCearr. Áirítear ar an gCoiste sin chomh maith beirt ionadaithe ón nGarda Síochána, ionadaí amháin ón Oireachtas, beirt ionadaithe ón mBainisteoir Contae agus triúr comhaltaí atá ainmnithe ag Fóram Deonach agus Pobail na hlarmhí. Bhí 3 chruinniú ag an gComhchoiste Póilíneachta le linn na bliana 2009.

Blocdheontas Speisialta do chosáin in iarcheantair Choimisinéir an Bhaile:

Chuir an Roinn Iompair Deontas Speisialta de €550,000 ar fáil do Chomhairle Chontae na hlarmhí le cosáin atá lonnaithe in iarcheantair Choimisinéir an Bhaile sa Mhuileann gCearr a dheisiú agus le cosáin a athchur.

Buiséad:

Ba €103,665 an Buiséad don bhliain 2009, agus bhí ráta an euro socraithe ag €3.00.

Reáchtáladh Toghcháin Áitiúil in 2009 agus toghadh 5 Chomhalta nua ar an gComhairle. Bhí an Comhairleoir Egbert Moran ina Mhéara ar feadh an chéad leath de 2009 agus tháinig an Comhairleoir Mark Cooney i gcomharbacht air.

Is iad seo a leanas na Comhairleoirí a toghadh ar Comhairle Baile Bhaile Átha Luain in 2009:

- An Comhairleoir Sheila Buckley Byrne, Clonbonny, Baile Átha Luain
- An Comhairleoir Mark Cooney, Gardenvale, Baile Átha Luain
- An Comhairleoir Jim Henson, 19 Cornamaddy, Baile Átha Luain
- An Comhairleoir Paul Hogan, 2 Garrycastle Cottages, Baile Átha Luain
- An Comhairleoir Gabrielle McFadden, Newtownflood, Crannagh, Baile Átha Luain
- An Comhairleoir Kieran Molloy, Connolly Street, Baile Átha Luain
- An Comhairleoir Kevin Boxer Moran, Cornamagh, Baile Átha Luain
- An Comhairleoir Aengus O'Rourke, Barrybeg, Bothar Ros Comáin, Baile Átha Luain
- An Comhairleoir Alan Shaw, 8 Woodville Avenue, Cornamaddy, Baile Átha Luain

Tithíocht

Chuir an Leithroinnt Chaipitil ar chumas na Comhairle 10 dteach a fháil in 2009 agus de thoradh corrfholúntais cuireadh tithíocht ar fáil do 41 iarratasóir ar an iomlán. Tá 1289 iarratasóir ar an liosta feithimh i láthair na huaire.

Sholáthraigh an clár téimh lárnaigh teas do 140 teach agus tá teas lárnach i ngach teach de chuid na Comhairle ó críochnaíodh an clár in 2009.

Tá feabhas mór curtha ar sheirbhísí sa réimse seo ó chuir an Simon Community 6 aonad cóiríochta éigeandála ar fáil.

Cuireadh suim de €205k ar fáil do Thionscadal Athghiniúna Arda an Bhataire agus mar thoradh ar sin tosaíodh ar sholáthar sconsaí teorann. Soláthraíodh maoiniú de €205,000 in 2009.

Cúrsaí Sóisialta agus Cultúrtha

Tharraing an Triathlone líon as cuimse rannpháirtithe in 2009 agus chuaigh na rannpháirtithe i dtaithí ar an gcúrsa mar ullmhúchán do Chraobhchomórtais na hEorpa a bheidh ar siúl i mBaile Átha Luain in 2010 nuair táthar ag súil le os cionn 5000 rannpháirtí agus 50,000 de lucht féachana thar cheithre lá.

Rinneadh ionadaíocht ar Bhaile Átha Luain ag Féile na hEorpa sa Phortaingéil. Tionólfaidh Comhairle Baile Bhaile Átha Luain an Fhéile sin in 2010. Lean an Chomhairle ag tacú in 2009 le Gradam Rehab Daoine na Bliana Bhaile Átha Luain.

Is éacht mór don bhaile a bhí i dtionól na gCluichí Pobail i mBaile Átha Luain den chéad uair sa bhliain 2009 agus thacaigh an Chomhairle le lucht eagraithe na gCluichí agus leis an A.I.T. a bhí mar ostaigh.

Iompar agus Infrastruchtúr

Cuireadh maoiniú ar fáil le tús a chur le athchóiriú bóithre agus seirbhísí i Pinewood Close agus ciallaigh an dul chun cinn mór a rinneadh in eastáit eile go rabhthas in ann cúram a glacadh d'eastáit ag Ardnaglug, Orwell Grove, Clonbrock Court agus Cartrontroy Heights.

Cuireadh tús le hOibreacha Sráid-dhreacha ar an bPríomhshráid. Cosnóidh an obair sin €900,000.00 agus críochnófar an obair in 2010.

Tugadh athbhreithniú ar stad tacsaithe chun críche agus leasaíodh na Fodhlíthe Staid Cheaptha le 12 spás do staid bhreise a cuireadh ar fáil a léiriú, le 51 spás ar an iomlán á chur ar fáil sa bhaile.

Forbairt agus Pleanáil Eacnamaíochta

Glacadh le Pleananna Limistéir Áitiúil ag Lios Uí Mhulláin agus ag Corr na mBeach agus le Creat-Phlean Dearadh Uirbeach d'Irishtown mar aon le Plean Athghiniúna do Pháirc an Choláiste i rith na bliana.

Tugadh an cúram don N.B.A. le Staidéar In Aice le hUisce a ullmhú don tSionainn i mBaile Átha Luain agus cuirfear an staidéar sin i láthair na Comhairle i ndeireadh an Earraigh sa bhliain 2010.

Áineas agus Taitneamhacht

Fuair an tIonad Spóirt Réigiúnach an Bhratach Gorm arís sa bhliain 2009. Cuireadh tús le pleanáil le cur leis na saoráidí giomnáisiam rud a chosnóidh tuairim is €800,000.00.

Ceapadh Foireann Deartha sa bhFhómhar le hathnuachan a dhéanamh ar Ionad Cuairteoirí an Chaisleáin agus cosnóidh an tionscadal sin €3m agus tabharfar chun críche é ag deireadh na bliana 2010 le 800 bliain Caisleán Átha Luain a cheiliúradh.

Tugadh an próiseas pleanála don Ghailearaí Ealaíne nua chun críche i rith na bliana. Cuirfear tús le hobair thógála in Earrach na bliana 2010 agus cosnóidh sé €3.4m. Fuarthas maoiniú de €2.1m ó Chiste Forbartha Réigiúnaí an Aontais Eorpaigh trí Chomhthionól Réigiún na Teorann, Lár-Tíre agus an Iarthair agus ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Áireofar sa tsaoráid 2 phríomhghailearaí agus cuirfear stiúideonna d'ealaíontóirí ar fáil ag Bóthar na Mainistreach freisin.

Cuireadh áiteanna súgartha ar fáil ag Gleanntán na Fuinseoige agus ag Arda an Bhataire ar chostas de €120k.

Tuilte

Chiallaigh an titim báistí eisceachtúil i mí na Samhna agus leibhéal mór na dtuilte sa tSionainn go raibh sé riachtanach Grúpa Comhordaithe Tuilte Bhaile Átha Luain a bhunú le freagairt il-ghníomhaireachta don éigeandáil sin a chinntiú mar go raibh os cionn 90 teach faoi thuile agus go raibh rochtain teoranta chomh fada le 70 teach eile. Ghlac os cionn 80 d'fhoireann na Comhairle agus d'fhoireann na Comhairle Contae páirt sna socruithe faoiseamh agus athshlánaithe rud a chiallaigh i measc saincheisteanna eile go raibh dáileadh os cionn 25,000 mála gaineamh agus cóiríocht éigeandála do 37 teaghlach riachtanach. I measc na nGníomhaireachtaí a bhí rannpháirteach bhí an Chomhairle Baile, Comhairle Chontae na hIarmhí, an tArm, na Gardaí, an Chosaint Shibhialta, Cumann Naomh Uinsionn de Pól agus an tIonad Faoisimh Tuilte.

Airgeadas

Ba €12m an caiteachas ioncaim don bhliain agus b'ionann caiteachas caipitiúil agus €2.6m. Bhí figiúirí ioncaim ag €12.1m agus ag €3.9m faoi seach.

Aguisín 1 - Ballraíocht na gComhlachtaí eile 2009

	Cumann Comhairlí Contae agus Cathrach	Irish Public Bodies Mutual Insurance Limited	Cumann Bhaill na nÚdarás Áitiúil (L.A.M.A)	Údarás Réigiúnach Lár na Tíre	Comhthionól Réigiúin na Teorann, Lár-Tíre agus an Iarthair	Coiste Oibríochta an AE	Westmeath Community Development Limited	Bord Fiontar Chontae na hIarmhí	Coiste Turasóireachta na hIarmhí	Coiste Ionaid Ealaíne an Mhuilinn Chearr	Coiste Sábháilteachta ar Bhóithre Ag Obair le Chéile de chuid Chomhairle Contae na hIarmhí	SPC Gnóthaí Tithíochta, Sóisialta agus Cultúrtha	SPC Comhshaoil	SPC Iompar agus Bonneagar	SPC Forbairt agus Pleanáil Eacnamaíoch	An Chomhchoiste Pólíneachta	Coiste Airgeadais	Bord Forbartha Chontae na hIarmhí	Coiste Áitiúil Monatóireachta Uisce Tuaithe	Coiste Comhairle an Lucht Siúil	Fóram Ealaíne na hIarmhí	Coiste Theach & Gairdíní Belvedere	Fóram Oidhreachta na hIarmhí	Tascfhórsa Phobail Bhaile Átha Luain	Comhairle Chomhairleach Cheantar Abhantraí na Sionainne	Comhairle Chomhairleach Cheantar Abhantraí Thoir	Coiste Gairmoideachais na hIarmhí	Fóram Sláinte Réigiúnach Bhaile Átha Cliath - Lár Laighean	Coiste Inlúchóireachta Chomhairle Contae na hIarmhí	Gníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tíre
An Comh. Fintan Cooney						✓			✓					✓		✓	✓					✓							✓	
An Comh. Dan McCarthy							✓				✓		✓			✓	✓		✓								✓			
An Comh. Robert Troy	✓						✓					✓				✓	✓													
An Comh. Peter Burke	✓							✓		✓			✓				✓											✓		
An Comh. Johnny Penrose	✓			✓									✓			✓	✓													
An Comh. Mark Cooney		✓											✓				✓								✓					
An Comh. Paddy Hill				✓				✓						✓		✓	✓													
An Comh. Tom Allen				✓										✓			✓													
An Comh. Joe Flanagan				✓	✓						✓	✓					✓													
An Comh. Fintan Cooney				✓													✓													
An Comh. Gerard Corcoran			✓	✓	✓										✓	✓	✓					✓								
An Comh. Colm Arthur							✓								✓		✓									✓	✓			✓
An Comh. Gabrielle McFadden						✓		✓				✓					✓							✓						
An Comh. Detty Cornally								✓		✓		✓					✓	✓												
An Comh. Ken Glynn										✓		✓					✓										✓			
An Comh. Denis Leonard														✓		✓	✓	✓					✓			✓	✓			
An Comh. Kevin Moran													✓				✓	✓						✓	✓					
An Comh. John Shaw															✓	✓	✓		✓								✓			
An Comh. Frank McDermott														✓		✓	✓		✓								✓			
An Comh. Joe Whelan															✓	✓	✓	✓		✓							✓			
An Comh. Michael Dollard												✓					✓			✓	✓						✓	✓	✓	
An Comh.Aidan Davitt														✓		✓	✓					✓						✓		
An Comh. Paul Daly															✓	✓	✓										✓			
An Comh. Frankie Keena													✓			✓	✓													

Aguisín 2 - Comhdhálacha a ndearna Baill Chomhairle Contae na hlarmhí freastal orthu in 2009

Dáta	Comhdháil: Comhlacht Eagraithe & Suíomh	Cuspóir / Téama na Comhdhála
9 - 11 Eanáir	Esperanza Enterprises, Cathair na Mart, Co. Mhaigh Eo	Seirbhís Pleanála an Rialtais Áitiúil
23 - 24 Eanáir	Comhairle Bhuirg Aontroma & Comhairle Turasóireachta an Chláir Dunadry Hotel, Maigh Chomair, Dún Eadradh, Co. Aontroma	Comhdháil Ghníomhaíochtaí Turasóireachta
6 - 8 Feabhra	The Glendalough Hotel, Gleann Dá Loch, Co. Chill Mhantáin	Teicneolaíocht an Eolais & Cumarsáide do Chomhairleoirí
13 - 14 Feabhra	Cumann Údarás Cathrach na hÉireann, Clanree Hotel, Leitir Ceanainn	Seimineár Earraigh A.M.A.I.
19 - 20 Feabhra	Údarás Réigiúnach an Iarthair Láir Woodlands House Hotel, Áth Dara, Co. Luimnigh	"Uisce na hÉireann" – Cad é an Costas Iarbhír?
27 Feabh – 1 Márta	Iontabhas Oidhreachta Cholmcille Gartán, Mín an Lábáin, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall	20ú Scoil Gheimhridh Cholmcille
15 - 17 Feabhra	Superior Training Services Teo., Sligo Park Hotel, Sligeach	Rialtas Áitiúil & Fuinneamh Inathnuaite
20 - 21 Feabhra	TJK Conferences Teo., Patrick Punch Hotel, Luimneach	Seimineár Saorála Faisnéise
27 - 28 Feabhra	Kadenza Consultancies Teo., Green Isle Hotel, Baile Átha Cliath	Cuimhneachán Náisiúnta na hÉireann ar an gCogadhs: 1919 - 2009
3 - 6 Márta	Good Conference Company Teo Ionad Comhdhála INEC, Cill Airne, Co. Chiarraí	International Local Government Convention
4 - 8 Márta	Cumann Oidhreachta Ráth Tuaidh, Golf Hotel, Baile an Bhuinneánaigh, Co. Chiarraí	Comhdháil Timpeallachta Chiarraí
20 - 22 Márta	Esperanza Enterprises, Glenlo Abbey Hotel, Gaillimh	Seimineár Pleanála & Rialaithe
27 - 28 Márta	Fóram Bhaile Mhistéil, Firgrove Hotel, Baile Mhistéil, Corcaigh	"Forbairt Tuaithe a Chothabháil"
